

Ainm: _____

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**

for teachers

Ceannaireacht an Earraigh 2019

Pleanáil Straitéiseach Scoláire-Lárnach



Scoláirí a bheith sa Lár: Tuiscint Chomhpháirteach a Thógáil

Chuir Kember (1997) síos ar dhá chlaonadh sa teagasc: an coincheap múinteoirilárnach / ábhardhírthe agus an coincheap scoláireilárnach / foghlaimdhírthe. Sa bhriseadh síos úsáideach a dhéanann sé ar na claonta sin tacaíonn sé le dearchtaí a lán údair eile maidir leis an léargas scoláireilárnach lena n-áirítear: go ndéanann scoláirí an t-eolas a chomhthógáil agus gur éascaitheoir foghlama é an léachtóir seachas láithreoir eolais. Shainigh Rogers (1983b:188) an réamhchoinníoll don fhoghlaim scoláireilárnach mar an gá le: ‘... ceannaire nó duine a mbreathnaítear air mar údarás sa suíomh, a bheith daingean go leor ann féin (inti féin) agus ina c(h)aidreamh le daoine eile go mbíonn iontaoibh bhunúsach aige (aici) i gcumas daoine eile smaoineamh dóibh féin, foghlaim uathu féin’. Cuireann Burnard béim ar an rogha i réimse na foghlama agus é ag léirmhíniú chuid smaointe Rogers ar scoláireilárnachas mar seo ‘d’fhéadfadh scoláirí roghnú ní amháin cén rud le staidéar a dhéanamh air, ach cén chaoi agus cén fáth a bhféadfadh an topaic sin a bheith ina cheann spéisiúil le déanamh.’ (1999:244).

Leagann sé béim freisin ar thuairim Rogers go bhfuil tábhacht le dearchtaí scoláirí ar an domhan, go bhfuil siad ábhartha agus oiriúnach. Tarraingíonn an sainmhíniú seo mar sin aird ar an gcoincheap go mbíonn ‘rogha’ ag scoláirí ina gcuid foghlama. Míníonn Harden and Crosby (2000:335) i dtaca le straitéisí foghlama múinteoirilárnacha go mbíonn an fócas ar an múinteoir ag seachadadh eolais, ón saineolaí go dtí an nóibhseach. Mar mhalairt air sin, deir siad gurb é atá i gceist le foghlaim scoláireilárnach go ndírítear ar fhoghlaim na scoláirí agus ar ‘a ndéanann scoláirí chun í sin a bhaint amach, seachas ar an méid a dhéanann an múinteoir’. Tá an bhéim sa sainmhíniú sin ar an gcoincheap go mbíonn an scoláire ‘i gceann oibre’.

O’Neill, G. & McMahon, T. (2005) Student-centred learning: what does it mean for students and lecturers?

Díríonn Gibbs (1995) ar choincheapa mar an gcéanna nuair a mhaíonn sé gur cúrsaí scoláireilárnacha iad sin a leagann béim ar: gníomhaíocht foghlaimeoirí seachas ar éighníomhaíocht; taithí scoláirí ar an gcúrsa lasmuigh den institiúid agus roimh an gcúrsa; próiseas agus iniúlacht, seachas ábhar; ina ndéanann an scoláire na príomhchinntí faoin bhfoghlaim trí chomhráite leis an múinteoir. Cuireann Gibbs níos mó sonraí leis na príomhchinntí sin a lua: ‘Cad atá le foghlaim, conas agus cén uair atá sé le foghlaim, cén toradh a bheidh air, céard iad na critéir agus na caighdeáin atá le húsáid, conas a dhéantar na breithiúnais agus cé a dhéanann na breithiúnais sin’ (1995:1). A dhála sin, i litríocht roimhe sin, tugtar breis eolais go háirithe ar an gcaidreamh idir scoláire agus múinteoir ag Brandes agus Ginnis (1986). Ina leabhar siúd atá le húsáid san oideachas dara leibhéal (iar-bhunscoil), dar teideal ‘A Guide to Student-Centred Learning’, is mar seo a leanas a leagann siad amach príomhphrionsabail na foghlama scoláireilárnaigh:

- Tá an scoláire freagrach go iomlán as a c(h)uid foghlama
- Tá bainteacht agus rannpháirtíocht riachtanach chun foghlaim
- Tá an caidreamh idir foghlaimeoirí níos cothroime, ag cur fás agus forbairt chun cinn
- Bíonn an múinteoir ina éascaitheoir agus ina phearsa acmhainní
- Braitheann an foghlaimeoir a chuid oideachais a bheith ag teacht le chéile (ritheann na réimsí mothaitheacha agus and cognaíocha le chéile)

O’Neill, G. & McMahon, T. (2005) Student-centred learning: what does it mean for students and lecturers?

Tá méadú tagtha ar thaighde, polasaí agus cleachtas a mhaíonn go leanann siad cur chuige scoláire-lárnach. Mar sin féin, ceann de na fadhbanna lárnacha a bhaineann le hobair theoiriciúil agus fheidhmeach sa réimse seo is ea an sainmhíniú féin. Mar atá luaite ag Farrington (1991, lch 16), tá 'easaontas agus éiginnteacht nach beag ann maidir le cad is foghlaim scoláire-lárnach ann'. Mar thoradh ar easpa airde agus leanúnachais maidir leis an gcur chuige a mhíniú, tá a lán comhchiallach ann (m. s. oideachas foghlaimeoirláraithe, foghlaim sholúbtha) agus ní féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir píosaí staidéir ná idir cleachtais teagaisc. Tá réimse sainmhínithe féideartha i gcúrsaíocht. Ar mhaithe linn féin, is tús maith é Cannon agus Newble (2000, lch. 16). Is é seo an sainmhíniú a thugann siadsan ar fhoghlaim scoláireláraithe (FSL): modhanna le bheith ag smaoineamh agus ag foghlaim a leagann béim ar dhualgas agus ar ghníomhaíocht an scoláire san fhoghlaim seachas ar a mbíonn ar siúl ag na múinteoirí. Go bunúsach, is é dualgas agus gníomhaíocht an scoláire atá ag ceartlár an FSL, agus is mór idir é agus an bhéim láidir ar smacht an mhúinteora agus clúdach an inneachair acadúil ina lán den mhúineadh traidisiúnta teagascach. Mar sin de, is léiriú í an fhoghlaim scoláire-lárnach ar na bunphrionsabail seo a leanas: spleáchas ar fhoghlaim ghníomhach seachas éighníomhach, béim ar fhoghlaim agus ar thuiscint dhomhain, freagracht agus cuntasacht mhéadaithe ó thaobh an scoláire de, tuiscint mhéadaithe ar neamhspleáchas an foghlaimeora, idirspleáchas idir an múinteoir agus an foghlaimeoir (seachas an foghlaimeoir a bheith go hiomlán spleách nó neamhspleách; Fay, 1988), comhthuiscint laistigh den chaidreamh foghlaimeoir-múinteoir, cur chuige machnamhach ar an bhfoghlaim agus ar an bpróiseas teagaisc ó thaobh an mhúinteora agus an foghlaimeora de. Tá sé intuigthe mar phrionsabal sa chur chuige seo go mbeadh tuairimí á lorg ó scoláirí faoi phróiseas na foghlama agus an teagaisc; is é sin le rá, go mbíonn sé scoláire-lárnach seachas múinteoir-lárnach atá sé (Biggs, 1999).

Lea, S.J., Stephenson, D., Troy, J. (2003) Higher Education Students' Attitudes to Student-centred Learning: beyond 'educational bulimia'?

Ba é a bhraith Rudduck agus Flutter (2000) de thoradh a gcuid taighde go mbíonn léargais thábhachtacha ag daoine óga ar an timpeallacht teagaisc agus foghlama a d'fhéadfadh a áireamh mar 'thráchtairacht ar an gcuraclam' ach chuir siad in iúl go mbíonn deacrachtaí ann a gcuid tuairimí a mhealladh ar an gcuraclam amach ó 'ghiotaí beaga thall is abhus' ar nós, céard a spreagann nó nach spreagann iad. Dá bharr sin, d'áitigh siad gur gá cabhrú le scoláirí an teanga a fhorbairt chun 'labhairt ar an bhfoghlaim agus orthu féin mar fhoghlaimeoirí ionas go mothóidh siad gur cuí agus gur cóir dóibh a bheith gníomhach agus i mbun plé faoi chúrsaí scoile le múinteoirí' (Rudduck agus Flutter, 2000, l. 76). Tá spreagadh tábhachtach chun cabhrú le scoláirí tabhairt go muiníneach faoi dheiseanna chun an curaclam agus an teagasc a athrú a thagann ó fhianaise taighde a léiríonn gur féidir leis an mbainteacht sin tuiscint níos fearr a chothú i measc scoláirí ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad, agus go mbeidh tuiscint níos fearr acu ar a gcumais féin dá réir (Mitra, 2003). Ina theannta sin, tá corpas litríochta ann ina n-áitítear gur chóir go rachadh obair ar ghuth an scoláire i bhfad níos faide ná a bheith ag fáil amach tuairimí ó dhaoine óga agus go mbogfadh sí i dtreo próiseas daonlathach forbairt agus comhthógáil churaclaim chomh maith le comhfhreagracht as réitigh a cheapadh i dtimpeallachtaí oideachais (Bovill, Cook-Sather agus Felton, 2011; Fielding, 2015; Shirley, 2015). Tá an seasamh sin ag teacht leis na gníomhaíochtaí praiticiúla agus teoiriciúla a bhaineann leis an staidéar seo. Le fírinne, maíonn Shirley (2015), ...nach go díreach guth níos mó atá ag teastáil in athruithe oideachais sa lá atá inniu ann, ach scileanna níos fearr chun éisteacht lenár gcuid scoláirí agus freastal ar ár gcuid comhghleacaithe. Is cosúil go bhfuil géarghá, i ngairm éiginnte an oideachais, le bheith ábalta d'intinn agus do chroí a oscailt chun glacadh le tuairimí éagsúla, ina measc na cinn a d'fhéadfadh do shaineolas agus do stádas féin a cheistiú. (2015, lth. 127)

CNCM, (2017) The Learner Voice Report, Embedding student voices in education discourse: Curricular co-construction and development

Conas is féidir linn scoláirí a chur i lár an eispéiris oideachais inár gcuid scoileanna?



Léargais Aontaithe le Comhroinnt:

Smaoinigh ar Chomhthéacs do Scoile: Cé hiaid do chuid Scoláirí?

**Céard atá uathúil faoi
Chomhthéacs do Scoile?**



**Céard iad na Riachtanais
Foghlama atá ag do Scoláirí?**



Cén leagan amach atá ar Eispéireas na Sraithe Sóisearaí agaibh faoi láthair?

Cláir Foghlama Leibhéal a hAon

Cláir Foghlama Leibhéal a Dó

Ábhair

Gearrchúrsaí

Folláine


Réimsí Foghlama Eile

Coláiste Naomh Lúca: Eolas Cúlra ar Chás na Scoile

Comhthéacs

Buachaillí Uile
Meánscoil Dheonach
Éiteas Caitliceach
Líon na Scoláirí: 700
Gach clár ar tairiscint
Baile Mór Tuaithe
Ráta Ard Aistrithe chuig an Trúú
Leibhéal

Rinneadh athbhreithniú ar na sonraí ó fhoinsí éagsúla chun breathnú ar riachtanais foghlama an chohórt scoláirí



Curaclam Reatha:

Déanann scoláirí 10 nÁbhar – 8 gCroí-ábhar & 2 Líne Roghnacha (Déanann an 1ú Bliain ar fad an Clár Réamhbhlaiste).
Faoi láthair, tá 300 uair d’Fholláine á dtairiscint acu

Bl. 1	Riachtanach	Béarla, Gaeilge, Mata, Folláine
	Croí-ábhar	Teagasc Reiligiúin, Stair, Tír Eolas, Gnó, Eolaíocht
	Blasmhódúil	Gearmáinis/Fraincis Teic. Ábhair (Adhmad)/Graifíc Theicniúil/Amharc Ealaín/Ceol
Bl. 2 & Bl. 3	Riachtanach	Béarla, Gaeilge, Mata, Folláine
	Croí-ábhar	Teagasc Reiligiúin, Stair, Tír Eolas, Gnó, Eolaíocht
	Roghnach	Roghnaigh 2 Ábhair (Caithfidh Gearmáinis nó Fraincis a bheith san áireamh)

Réasúnaíocht taobh thiar den athrú:

Mhóthaigh Coláiste Naomh Lúca gur ghá dóibh a soláthar reatha curaclaim a iniúchadh ar roinnt cúiseanna. B’éigean do gach scoláire staidéar a dhéanamh ar Bhéarla, Gaeilge, Mata agus Reiligiún. De thoradh na dtraidisiún sa scoil ba chroí-ábhar do gach scoláire iad an Stair, Tíreolaíocht, Eolaíocht agus Staidéar Gnó.

- Bhí Clár Réamhbhlaiste bliana á rith acu le lucht na chéad bhliana sna bandaí ábhair roghnacha (GT, Adhmad., Ealaín, Ceol, Fraincis agus Gearmáinis le blianta fada.
Le himeacht aimsire, chuir idir thuismitheoirí agus scoláirí in iúl go raibh siad míshásta i ndiaidh dóibh triail a bhaint as sé ábhair sa chéad bhliain nach raibh siad ábalta ach 2 cheann a roghnú, ar teanga ceann acu sin don tsraith shóisearach.
- An dara cúis ná don athbhreithniú chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas go mbeadh 400 uair d’fholláine sa churaclam faoi 2020.

An Curaclam á Athbhreithniú

Bunaíodh dhá ghrúpa le hathbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar


- Grúpa Athbhreithnithe Curaclaim – bainisteoirí na scoile agus múinteoirí (grúpaí fócais comhairliúcháin le thuismitheoirí agus le scoláirí)
- Foghrúpa d’Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí na scoile le hionadaithe ó na thuismitheoirí agus ó na scoláirí le díriú ar Churaclam Folláine an SS.

Coláiste Naomh Lúca: Cás Scoile

Cuid a Haon: Turas Scoil Amháin chun Athrú sa Churaclam a Iniúchadh

An Grúpa Athbhreithnithe Curaclaim:

- Ag cruinniú foirne i Meán Fómhair, leag an grúpa athbhreithnithe amach an réasúnaíocht don athrú sa churaclam.
- Agus iad ag breathnú ar phróifíl **riachtanais foghlama na scoláirí sa scoil agus ar chomhthéacs na scoile**, chinn an scoil iniúchadh a dhéanamh ar na gnéithe uile a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach.
- Bhain an scoil úsáid as na ceisteanna FMS agus as ráitis foghlama na Sraithe Sóisearaí chun machnamh a dhéanamh ar a soláthar reatha.



Creat don Phróiseas; ceisteanna FMS agus Ráitis Foghlama an SS

- Céard atá muid a thairiscint faoi láthair ar an gcuraclam?
- Cén fáth a bhfuilimid á dhéanamh?
- Cé chomh maith is atá ag éirí linn?
- Cén fhianaise atá againn?
- Céard iad na láidreachtaí atá sa soláthar curaclaim againn?
- Céard iad na bearnaí atá inár soláthar?
- Conas is féidir linn an soláthar curaclaim againn a fheabhsú?

Rinne an grúpa iniúchadh ar an gcuraclam agus is iad seo na torthaí fuair siad:

Clár Foghlama Leibhéal 1	Clár Foghlama Leibhéal 2	Ábhair
Nach bhfuil ar fáil	Nach bhfuil ar fáil	10 n-ábhair (8 croí ábhair agus 2 roghnach)
Gearrchúrsaí	Gearrchúrsaí Folláine	Réimsí Foghlama Eile
Nach bhfuil ar fáil	Nach bhfuil ar fáil	Nach ndéantar a thuairisciú sa chéad agus sa dara bliain i dtuairisc dheireadh na bliana.

Aiseolas ó na páirtithe leasmhara tar éis an phróisis athbhreithnithe.

Múinteoirí	Scoláirí (fócasghrúpa leis an IB/5ú B)	Tuismitheoirí
<p>D'aithin múinteoirí go raibh breis tacaíochta de dhíth ar RF 24 (<i>Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun oibriú agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil</i>) ar an gcuraclam mar nach raibh sé ar fáil faoi láthair i gcuraclam na sraithe sóisearaí cé go raibh sé á ofráil ag an tsraith shinsearach san Idirbhliain, ATF agus GCAT.</p> <p>Chaith na múinteoirí roinnt ama ag machnamh ar ráiteas misin na scoile a fhéachann le cabhrú le forbairt iomlánaíoch na scoláirí uile sa scoil. Ar chabhraigh an curaclam a bhí ar fáil le riachtanais foghlama na scoláirí uile?</p> <p>Ba mhian leo athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár blaiste sa chéad bhliain mar gur chreid</p>	<p>D'aithin scoláirí gur gá níos mó tacaíochta a thabhairt do RF 13 (<i>Tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe i leith cinntí sláintiúla a dhéanamh</i>) agus 24 ar an gcuraclam. Ós scoil do bhuachaillí uile í ní raibh Eacnamaíocht Bhaile ar tairiscint ar an gcuraclam agus bhraith na scoláirí gur ghá níos mó airde a thabhairt ar réimse an bhia fholláin. Níl TFC ar churaclam an SS go foirmiúil agus bhraith na scoláirí gur riachtanas é sin ar chóir freastal air.</p> <p>Bhraith siad gur thairg an scoil a lán ábhair, ach fós mhothaigh siad nach raibh go leor de rogha acu. Chreid siad go raibh barraíocht ábhar a roghnaíodh dóibh. Luaigh scoláire amháin go raibh fuath aige ar Staidéar Gnó, ach gurbh éigean dó a dhéanamh cé go raibh a fhios</p>	<p>D'admhaigh na tuismitheoirí gur ofráil an scoil a lán ábhair, ach léirigh siad imní i dtaobh easpa TFC a bheith ar an gcuraclam do scoláirí sa tSraith Shóisearach.</p> <p>Ba í an cheist eile a d'ardaigh na tuismitheoirí ná an easpa rogha agus solúbthachta a bhí ann ag deireadh na chéad bhliana mar gur bhraith siad nár oir sé do gach scoláire gurbh éigean dóibh ábhair áirithe a dhéanamh mar chroí-ábhair.</p>

siad gur bhain scoláirí tairbhe as ach tar éis struchtúr nua a theacht ar churaclam na sraithe sóisearaí, bhí siad buartha go raibh siad ag cailleadh ama ina n-ábhar thar na trí bliana.	aige nach mbeadh sé ag leanúint de ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí.	
---	--	--

Tar éis próiseas fada inar athbhreithníodh na sonraí a bailíodh ó na páirtithe leasmhara uile, moladh agus aontaíodh ar na hathruithe seo a leanas:

Clár Foghlama Leibhéal 1	Clár Foghlama Leibhéal 2	Ábhair
Ní raibh aon scoláire sa scoil a bhainfeadh tairbhe as an gclár	Bhainfeadh scoláirí tairbhe as an gclár seo a dhéanamh laistigh den rang príomhshrutha. Tabharfaidh siad isteach i ranganna príomhshrutha é ó 2019 do lucht na chéad bhliana ag teacht isteach. Aithníodh go raibh gá le FGL do mhúinteoirí agus gá le cur chuige don scoil uile é a phleanáil sula gcuirfí i bhfeidhm é	Go n-ofrálfai 9 n-ábhar do gach scoláire agus go mbeadh roinnt scoláirí ag tabhairt faoi 8 n-ábhar agus beart de 2 ghearrchúrsa B'ábhair riachtanacha iad do gach scoláire Béarla, Gaeilge, Mata, Oid. Reiligiúnach agus na hábhair Folláine, CO, OSPS, OSSP Go n-ofrálfai 5 líne roghnacha ina mbeadh Tíreolaíocht, Staidéar Gnó, Teicneolaíocht Adhmaid, Eolaíocht, Amharc-Ealaín, Ceol, Fraincis, Teicneolaíocht, Gearmáinis agus beart de ghearrchúrsaí (Códú, Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha.) Shocraigh an scoil go laghdódh siad an clár blaiste go 8 seachtaine ag tús na chéad bhliana mar gur ghearr sé siar ar an am ab fhéidir a thabhairt d'ábhair thar na trí bliana.
Gearrchúrsaí	Gearrchúrsaí Folláine	Réimsí Foghlama Eile
Go dtabharfaí isteach beart de 2 ghearrchúrsa ina ndíreofaí ar TFC laistigh den líne roghnach. Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha agus Códú	Déanfaidh gach scoláire ó 2019 na trí Ghearrchúrsa Folláine <ul style="list-style-type: none"> • CO • OSPS • OSSP Tabharfar tuairisc orthu sin sa PGSS ó 2022	Mar chuid den athbhreithniú ar nósanna imeachta an tuairiscithe sa scoil, tuairisceoidh siad ar RFE ar an tuairisc dheiridh ag deireadh na chéad bhliana agus an dara bliain.

Conas atá an próiseas seo agus an curaclam leasaithe níos scoláireláiríná ina leagan amach?

Cén chomhairle eile a thabharfá don scoil?

Ciorclán 0079/2018: Roinnt Pointí Machnaimh i dTearmaí na Folláine

An Príomheolas is Déanaí	Impleachtaí do mo Scoil
<p>Thosaigh clár Folláine na Sraithe Sóisearaí le híosmhéid de 300 uair de rannpháirtíocht sceidealaithe in 2017 agus rachaidh sé sin suas go 400 uair faoi 2020 de réir mar a chuirtear an tSraith Shóisearach nua i bhfeidhm go hiomlán i scoileanna.</p> <p>Tá sé d’aidhm ag Treoirlínte le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach leis an CNCM go gcabhródh siad le scoileanna clár ciallmhar Folláine a phleanáil agus a fhorbairt a thógann ar na tuiscintí, cleachtais agus curaclaim don Fholláine atá i scoileanna cheana. Agus iad ag pleanáil Clár Folláine ba chóir do scoileanna smaoineamh ar na gearrchúrsaí atá forbartha ag an CNCM in CO, OSSP, agus OSPS. Is de thoradh comhairliúcháin leitheadach le comhpháirtithe oideachais a ceapadh iad seo chun a chinntiú go dtugann na cúrsaí aghaidh ar fhoghlaim atá tábhachtach, ábhartha agus fiúntach do dhaoine óga sna hábhair sin. Tá comhairle maidir le measúnú i gceist iontu freisin don mheasúnú leanúnach agus don mheasúnú suimitheach araon.</p> <p>2.17.3 Socruithe taifeadta agus tuairiscithe</p> <p>Beidh sé indéanta ag scoláirí a théann isteach sa chéad bhliain i Meán Fómhair 2019 tabhairt faoi cheann amháin nó níos mó de ghearrchúrsaí Folláine an CNCM mar chuid de Chlár Folláine i dteannta ceithre ghearrchúrsa eile ar a mhéad, nach folláine iad, agus déanfar tuairisciú orthu sin den chéad uair sa PGSS in 2022. Tá an leagan amach seo á chur le chéile faoi láthair.</p> <p>2.4 *Meabhraítear do scoileanna go bhfuil tairseach íosta ama thar na trí bliana den tsraith shóisearach ba cheart a chur ar fáil le haghaidh Corpoideachais, OSPS agus OSSP: Corpoideachas: 135 uair an chloig roinnte thar an gcéad, an dara agus an tríú bliain (i.e. an sciar ama is coitianta faoi láthair a chuireann scoileanna ar fáil – dhá thréimhse ranga in aghaidh na seachtaine). OSPS: 70 uair an chloig roinnte thar an gcéad, dara agus tríú bliain (an sciar ama céanna agus a éilíonn creat na sraithe sóisearaí reatha don OSPS, lena náirítear OCG). OSSP: 70 uair an chloig roinnte thar an gcéad, dara agus tríú bliain (an sciar ama céanna agus a éilítear faoi láthair).</p>	

Coláiste Naomh Lúca: Cás Scoile

Cuid a Dó: Turas Folláine Scoil Amháin

Foireann Tacaíochta do Scoláirí – Próiseas Athbhreithnithe na Folláine

Is iad na daoine a bhí ar an bhFoireann Tacaíochta do Scoláirí bainisteoirí na scoile, Treoirchomhairleoir, Comhordaitheoir RSO, ceanna bliana agus an comhordaitheoir tréadchúraim. Socraíodh go mbunófaí fochoiste ó bhaill na foirne sin chun clár folláine na sraithe sóisearaí sa scoil a iniúchadh. Bhí scoláirí agus tuismitheoirí ar an bhfochoiste freisin chun gur fearr an éisteacht a thabharfaí do gach guth. Tháinig beirt mhúinteoirí ó na hábhair folláine isteach san fhochoiste chomh maith. D'úsáid an grúpa prionsabail phleanála na folláine le cabhrú leis an bpróiseas.

<p>Comhairliúchán</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ag úsáid roinnt de na hagusíní sna treoirlínte don fholláine má ba chúig agus na ceisteanna ón FMS, d'iniúch siad an soláthar reatha don fholláine le gach páirtí leasmhar. • D'úsáid an scoil Aguisín F (fócasghrúpa scoláirí) le blianghrúpaí difriúla le fáil amach céard a cheap na scoláirí a bhí ina sainriachtanais folláine acu. • D'úsáid siad Aguisín G leis an gclár folláine a phlé le fócasghrúpa tuismitheoirí. • Maidir leis na múinteoirí, bhailigh siad sonraí ag úsáid Aguisín H agus ansin d'úsáid siad an leagan amach in Aguisín C chun plé a thosú leis an bhfoireann iomlán ar chlár folláine na sraithe sóisearaí sa scoil.
<p>Comhoibriú:</p>	<p>Comhoibriú Múinteoirí: Tháinig na múinteoirí uile a bhíonn ag dul d'ábhair na folláine le chéile (OSPS, OSSP agus CO) agus d'fhiosraigh siad na ceisteanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cé acu an Siollabas nó sonraíocht an Ghearrchúrsa a úsáid sa scoil? • Idirghaolmhaireacht na dtrí ábhar folláine. An bhféadfadh siad cur chuige téamach a úsáid sa phleanáil? • Plean bliantúil an tréadchúraim / na folláine agus conas a nascann sé sin leis an gcuraclam a bhíonn á theagasc sa seomra ranga? • Cé a bhí ag teagasc na n-ábhar agus cad iad na riachtanais FGL ata ag na múinteoirí? <p>Rinne an fochoiste anailís ar na sonraí uile a bailíodh agus chomhoibrigh siad ar na riachtanais a aithníodh go soiléir ar chóir díriú orthu i gclár SS na folláine.</p>
<p>Mapáil leis an gComhthéacs Áitiúil</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Rinne an fochoiste scrúdú ar an réimse seirbhísí atá ar fáil go háitiúil agus chruthaigh siad léarscáil chun aird na scoláirí a dhíriú orthu. • D'fhiosraigh siad ceisteanna a thiocthadh a bheith sainiúil i dtaca le meánscoil do bhuachaillí uile agus an bealach a bhféadfaí na ceisteanna sin a chlúdach laistigh den chlár folláine.
<p>Freastal ar Riachtanais Nua agus Éiritheacha</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ceann de na Príomhcheisteanna a bhí ag na páirtithe leasmhara ná conas freastal ar aon riachtanais nua nó éiritheacha a bhí ábhartha maidir le scoláirí reatha an SS. • I measc roinnt de na riachtanais nua agus éiritheacha áiríodh: Iompar Slán Ar Líne, strus agus sláinte mheabhrach a bhainistiú, sláinte / ceadú gnéis, spochadh / iompar 'anuas ar dhuine' agus cabhrú le hacmhainneacht.
<p>Nascadh leis an bPróiseas FMS</p>	<ul style="list-style-type: none"> • D'úsáid an scoil na ceisteanna ón FMS le breathnú ar an soláthar folláine leis na páirtithe leasmhara go léir.

Soláthar curaclaim na folláine 2018-19:

Ta clár folláine na scoile do 2018-2019 ag teacht leis an riachtanas 300 uair d'fholláine. Tá an t-íosmhéid ama acu a theastaíonn don CO (135 uair), OSPS (70 uair) agus OSSP (70 uair) le tréimhse bhreise tugtha sa chéad Bhliain a dhíríonn ar an aistriú chuig an 2ú leibhéal agus Treoir.

Soláthar curaclaim na folláine 2019-20:

Beidh 396 uair de sholáthar folláine ar a gclár ama ag lucht na chéad bhliana in 2019-2020. Beidh siad ag leanacht na trí ghearrchúrsa, CO, OSPS agus OSSP agus tabharfaidh an chuid eile den am don fholláine aghaidh ar na riachtanais atá ag scoláirí a aithníodh sna sonraí a bailíodh. Tabharfar iad sin le linn sa 1^ú bliain agus sa 2^ú bliain trí chlár uainíochta 10 seachtaine.

Gabfar na modúil sin i 6 cháipéis dhifriúla in Aguisín 1 agus déanfaidh fochoiste folláine na foirne tacaíochta do scoláirí athbhreithniú orthu ag deireadh na bliana.

	Bliain 1	Bliain 2
Tearma 1 (10 seachtain) 1x rang 40 noim.	Meantóireacht don Fhoghlaim	Me Féin a Bhainistiú – Scileanna Déileála agus scileanna suaimhnis
Tearma 2 (10 seachtain) 1x rang 40 noim.	Foghlaim atá Bainteach le Treoir	Foghlaim atá Bainteach le Treoir – Scileanna Déileála dearfacha a fhorbairt
Tearma 3 (10 seachtain) 1x rang 40 noim.	Bia Folláin agus Scileanna Gaolmhara	Scileanna Litearthacht Dhigiteach.

Tar éis machnamh ar an gcás, smaoinigh céard iad na bearta is gá do do phobal scoile féin a dhéanamh, b'fhéidir, i dtaca le clár folláine na Sraithe Sóisearaí chun a chinntiú go mbíonn a chuid riachtanais bunaithe ar bhur gcomhthéacs agus go mbíonn sé scoláirelárnach ina chur chuige?

Machnamh ar Cheannaireacht agus ar Bhainistíocht

RÉIMSE 1: CEANNAIREACHT AR FHOGHLAIM AGUS AR THEAGASC

<p>Bainistíonn siad pleanáil agus cur i bhfeidhm churaclam na scoile</p>	<p>Cuireann an bord bainistíochta agus an príomhoide curaclam leathan agus cothrom ar fáil.</p> <p>Déanann an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach bainistíocht éifeachtúil ar phleanáil a bhaineann leis an gcuraclam.</p> <p>Tá an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach tiomanta do chinntiú go gcuirtear curaclam na scoile i bhfeidhm ar bhealach a chuireann eispéiris foghlama luachmhara ar fáil, agus tá siad ag obair chuige sin.</p> <p>Don chuid is mó, déanann an príomhoide deimhin de go bhfuil an leithdháileadh tráthchlár do gach ábhar i gcomhréir leis na treoirilinte sa siollabas/sonrúchán ábhair.</p>	<p>Cuireann an bord bainistíochta agus an príomhoide curaclam leathan agus cothrom ar fáil, ag déanamh iarrachtaí meáite agus oilte chun freastal ar riachtanais na scoláirí.</p> <p>Déanann an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach bainistíocht straitéiseach agus éifeachtúil ar phleanáil a bhaineann leis an gcuraclam.</p> <p>Oibríonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach go cuspóireach chun a chinntiú go gcuirtear na gnéithe uile de churaclam na scoile i bhfeidhm ar bhealach a thugann eispéiris foghlama luachmhara do na scoláirí uile.</p> <p>Déanann an príomhoide deimhin de go leithdháiltear am cuí do gach ábhar ar tháthchlár na scoile, i gcomhréir leis na treoirilinte sa siollabas/sonrúchán ábhair agus riachtanais aitheanta na scoláirí.</p>
---	--	---

Ag Úsáid ‘Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016’

Cé chomh gar agus atá ár gcleachtas do na ráitis sin? Céard iad na réimsí dár gcleachtas atá fíoréifeachtach? Céard iad na háiteanna nach bhfuilimid fós éifeachtach inár gcleachtas? Conas is féidir linn oibriú i dtreo cleachtas ardéifeachtach?

RÉIMSE 3: CEANNAIREACHT AR FHORBAIRT NA SCOILE

<p>Déanann siad bainistiú, ceannaireacht agus idirghabháil ar an athrú d’fhonn freagairt ar riachtanais na scoile atá ag athrú agus ar athruithe san oideachas</p>	<p>Téann an príomhoide i dtáithí ar athruithe sa chomhthéacs nó sa timpeallacht pholasaí agus bainistíonn sé/sí cur i bhfeidhm na n-athruithe go maith.</p> <p>Tá na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu eolach faoi riachtanais na scoile atá ag athrú, agus féachann siad le freagairt dóibh.</p> <p>Tá na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu eolach faoi fhorbairtí oideachais agus tuigean siad a n-ábharthacht don scoil. Féachann siad leis an eolas seo a úsáid go cruthaitheach.</p> <p>Baineann an príomhoide agus iad siúd atá i gceannas ar fhéinmheastóireacht scoile úsáid as próiseas na féinmheastóireachta le héifeachtacht ag méadú mar bhealach chun athrú a bhainistiú.</p>	<p>Léiríonn an príomhoide tuisctint shoiléir ar phróisis athraithe agus gabhann sé/sí do bhainistíocht athraithe ar bhealach atá comhoibrioch, solúbtha agus iogair.</p> <p>Tá na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu airdeallach agus freagrúil do riachtanais na scoile atá ag athrú.</p> <p>Coinníonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu ar an eolas faoi smaointeoireacht, forbairtí agus athruithe sa timpeallacht oideachais níos leithne agus úsáideann siad an t-eolas seo do dearfach chun tairbhe na scoile.</p> <p>Baineann an príomhoide agus iad siúd atá i gceannas ar fhéinmheastóireacht scoile úsáid as próiseas na féinmheastóireachta go han-éifeachtach chun bainistiú a dhéanamh ar fhreagra na scoile ar riachtanais atá ag athrú.</p>
---	---	---

Machnamh ar Mheasúnú agus ar Thuairisciú i mo Scoil.

Conas a phleanálann tú faoi láthair d'fhéilire measúnaithe agus tuairiscithe do na scoláirí sa chéad, dara agus tríú bliain?

Noda: Tuairisciú chuig scoláirí agus tuismitheoirí? Cén uair? Cén fáth? Cruinnithe idir múinteoirí agus tuismitheoirí agus Scoláirí? Cén uair? Cén fáth?
Modhanna Measúnaithe? Rogha?

26 Lún	2 M.F.	9 M.F.	16 M.F.	23 M.F.	30 M.F.	7 D.F.	14 D.F.	21 D.F.	4 Samh.	11 Samh	18 Samh	
25 Samh	2 Noll.	9 Noll.	16 Noll.	Nollaig		6 Ean.	13 Ean.	20 Ean.	27 Ean.	3 Fea.	10 Fea.	24 Fea.
2 Már.	9 Már.	16 Már.	23 Már.	30 Már.	An Cháisc		20 Aib.	27 Aib.	4 Bea.	11 Bea.	18 Bea.	25 Bea.

Turas Foghlama Odhráin sa Staidéar Gnó

An Chéad Bhliain

Sa chéad bhliain, bhlaiss mé go leor cineálacha difriúla foghlama i seomra ranga an Staidéir Ghnó. I rith na bliana, i measc rudaí eile, d'fhoghlaim mé faoi mo riachtanais agus mo mhianta agus an bealach le buiséid scoláirí a ullmhú agus a anailísiú le cabhrú liom mo chuid caiteachais a bhainistiú agus is scil an-úsáideach í sin. Rinne mé taighde ar na cineálacha difriúla caiteachais i dteaghlach agus rinne mé rólímirt de chásanna éagsúla cearta agus freagrachtaí tomhaltóra le mo chairde sa rang.

Sa rang freisin d'fhoghlaim mé faoi phróiseas an taighde agus an chaoi chun m'fhoinsí a sheiceáil, a thaifeadh agus tagairtí a chur leo. Ag an gcruinniú idir tuismitheoirí, múinteoirí agus scoláirí i mí na Samhna labhair mo mhúinteoir faoin gcaoi a raibh mé ag socrú isteach agus ag déanamh dul chun cinn sa rang agus labhair muid faoi mo chuid scileanna taighde.


D'fhoghlaim muid faoi sholáthar agus éileamh trí ghníomhaíocht trádála ghrúpa a dhéanamh ag úsáid barraí seacláide agus chuidigh sé sin liom a thuiscint agus a mhíniú conas a théann soláthar agus éileamh i bhfeidhm ar na praghsanna ar réimse d'earraí agus de sheirbhísí comónta. I rith na bliana fuair mé aiseolas ó mo mhúinteoir ar mo chuid oibre agus d'fhéadfainn ceisteanna a chur mura ndearna sé aon chiall dom. Fuair mo thuismitheoirí dhá thuarisc eile ón scoil i mí Feabhra agus i mí Bealtaine ina raibh tuairisc ar mo chuid foghlama i rith na bliana agus bhí mo chuid machnaimh féin inti ar mo chuid foghlama.

An Dara Bliain

Sa dara bliain, d'fhoghlaim mé faoi rudaí ar nós árachas pearsanta, a bheith i mo thomhaltóir eiticiúil, an tionchar a bhíonn ag eagraíochtaí, cleachtais ghnó inbhuanaithe agus d'úsáid mé mo thuiscint ar ioncam agus caiteachas chun cuntais a ullmhú agus a anailísiú do ghnólacht. D'éist muid le roinnt podchraoltaí d'fhiontraithe Éireannacha agus d'úsáid muid iad sin chun scileanna agus tréithe fiontraithe a iniúchadh.

I mí na Samhna, d'iarr an múinteoir ar na scoláirí láithreoireacht a thaighde agus a fhorbairt ar ár rogha topaic a léiriú conas is féidir le tomhaltóirí nó gnólachtaí a bheith níos inbhuanaithe. Rinne muid machnamh ar ár gcur i láthair agus fuair muid aiseolas ar an mbealach le feabhas a chur ar ár scileanna cumarsáide agus láithrithe ag an gcruinniú idir tuismitheoirí, múinteoirí agus scoláirí i mí na Nollag.

I mí Feabhra, bhí scrúdú agam bunaithe ar an obair a rinne muid sa rang idir Nollaig agus Feabhra agus fuair mo thuismitheoirí aiseolas ar an scrúdú sin ar mo thuarisc scoile. D'iarr an múinteoir ar an rang roghnú idir Gnó á Chur i nGníomh, Airgeadas á Chur i nGníomh nó Geilleagar á Chur i nGníomh dár gcéad MRB ab éigean dúinn a dhéanamh mar ghrúpa. D'aontaigh muid ar Fhiontraíocht á Chur i nGníomh mar go dtabharfadh sé sin deis dúinn táirge nó seirbhís a fhorbairt a thiocfadh linn a cheapadh nó a chruthú muid féin nó d'fhéadfaimis díriú ar tháirge nó ar sheirbhís ina n-aithnímid gurbh fhéidir an margadh a leathnú amach. Is féidir linn freisin imeacht nó gníomhaíocht fiontraíochta a eagrú. D'oibrigh mise le grúpa de thriúr scoláirí eile ag scrúdú arbh fhéidir siopa na scoile a mhéadú. Inár ngrúpa rinne muid taighde agus ansin measúnú ar ár gcuid torthaí. Do mo thaighde rinne mé suirbhé ar scoláirí eile sa scoil faoin úsáid a bhaineann siad as siopa na scoile. De réir ár dtaighde, d'fhorbair muid plan gnó bunúsach don leathnú a bhí muid a mholadh. Rinne muid machnamh ar ár gcuid foghlama, mar dhuine aonair agus ar ár ról sa ghrúpa araon. Scríobh muid ár dtuarisc agus chuir muid grafaicí agus íomhánna isteach inti freisin. Mí i ndiaidh dúinn an MRB a chríochnú, fuair muid ár dtuariscíní agus roinnt aiseolais ar ár gcuid oibre a bhí ina chuidiú maith chun go mbeadh a fhios againn cén bealach le feabhsú san am atá le teacht.



An Tríú Bliain

Sa tríú bliain, thiocthadh liom a fheiceáil go raibh muid ag tógáil ar ár gcuid foghlama ón gcéad agus ón dara bliain. D'fhoghlaim muid níos mó faoi thábhacht na gcuntas in eagraíocht agus conas staid airgeadais comhlachta a mheas. Bhí an-suim ag ár rang sa Bhreathnóireacht mar sin de bhí deis againn taighde a dhéanamh ar an topaic agus d'úsáid muid é sin le tuiscint a fháil ar thábhacht bhallaíochta na hÉireann san AE. D'úsáid muid ár scileanna taighde freisin idir inár n-aonar agus mar ghrúpa chun beartais eacnamaíocha a thaighde agus chun machnamh ar na bealaí a raibh tionchar acu ar ár gceantar áitiúil.

I mí na Samhna, d'iarr an múinteoir orainn taighde agus forbairt a dhéanamh ar láithreoireacht faoinár rogha topaic a bhain le cúrsaí gnó i gcomhair MRB 2. Nuair a bhí mo thaighde déanta agamsa, b'éigean dom machnamh ar mo chuid torthaí agus mo smaointe ar na torthaí a chur i láthair mo ranga. Do mo chur i láthair, roghnaigh mé an méadú i rátaí CBL agus rinne mé agallamh le roinnt gnólachtaí áitiúla le fáil amach cén tionchar a bhí aige sin ar a ngnólacht mar gur thug mé faoi deara na comharthaí i siopaí caife faoi arduithe a bhí le teacht ar phraghsanna de bharr an bhuiséid. Chuir mé mo chuid torthaí i láthair an ranga agus mhínigh mé mo thuairimí féin ar an méadú sa CBL agus chuir an múinteoir roinnt ceisteanna orm faoi mo thaighde.

Tar éis dúinn MRB 2 a chríochnú, rinne muid Tasc Measúnaithe. Lena aghaidh sin, rinne mé machnamh ar mo chumas chun eolas nó tuiscint nua a mheas a d'eascair as mo thaithí ar an láithreoireacht, mo chumas chun machnamh ar na scileanna a d'fhorbair mé tríd an láithreoireacht a dhéanamh agus mo chumas chun machnamh ar an gcaoi ar athraíodh mo thuairimí / dearcthaí / smaointe trí eispéireas an chuir i láthair a dhéanamh. Fuair mé amach go raibh an machnamh a bhí mé a dhéanamh i ranganna difriúla ina chuidiú mór agam chun an tasc seo a chur i gcrích. Ag an gcruinniú idir tuismitheoirí, múinteoirí agus scoláirí fuair mise agus mo thuismitheoirí aiseolas ar mo dhul chun cinn sa rang agus aiseolas freisin ar an tuairiscín a bronnadh orm don Láithreoireacht. I mí Feabhra, bhí scrúdú ag mo rang bunaithe ar an bhfoghlaim ó na trí bliana go dtí sin. Chabhraigh an múinteoir leis an rang machnamh a dhéanamh ar ár bhfreagraí ar na ceisteanna sa scrúdú le cabhrú linn réimsí a aithint a gcaithfimis dul siar orthu arís. D'úsáid mise é sin le plean staidéir a dhéanamh dom féin.

Fuair mo thuismitheoirí dhá thuairisc eile ón scoil ar a raibh mo thuairiscín MRB agus aiseolas ar mo scrúdú i mí Feabhra. I mí an Mheithimh, déanfaidh mé an scrúdú deiridh sa Staidéar Gnó agus gheobhaidh mé mo PGSS níos déanaí i mbliana le mo chuid foghlama uile ó na trí bliana.

Conas a léiríonn sé sin ár dtuiscint ar thaithí foghlama atá scoláirelárnach? Cuir san áireamh eispéiris foghlama, forbairt scileanna, measúnú agus tuairisciú.

Ag comhoibriú chun ár bhféilire Measúnaithe a Fhorbairt

Ár Roinn Ábhair: Béarla

Tá ceathrar múinteoirí bainteach le Béarla na Sraithe Sóisearaí a theagasc. Múineann Méadbh, Síomón agus Ester an chéad, dara agus tríú bliain mar go bhfuil trí rang-ghrúpa ann agus múineann Amy lena cuid comhghleacaithe thar na trí bliana. Is múinteoir ceoil é Simon freisin agus déanann sé measúnú seachtrach ar an gcomhpháirt phraiteiciúil i scrúdú ceoil an CSS gach bliain. Is eisean chomh maith a stiúirann ceoldráma bliantúil na scoile i mí Dheireadh Fómhair gach bliain. Anuraidh, d'fhiafraigh an Roinn de na scoláirí céard a cheap siad d'amanna na MRBna. Mhóthaigh na scoláirí gur mhaith leo an tasc cumarsáide ó bhéal a dhéanamh i mí Bealtaine agus go raibh siad sásta go ndéanfaí a mbailiúchán oibre a mheas roimh na Nollag. Léirigh aiseolas na scoláirí gur thaitin sé leis na scoláirí a mbailiúchán téacsanna a thiomsú ó thús an dara bliain agus gur úsáid siad an t-aiseolas óna gcuid múinteoirí chun beachtú a dhéanamh agus snas a chur ar a míreanna oibre. Is maith leis na múinteoirí an smaoineamh sin freisin ó thaobh na pleanála de, mar go bhfágann sé go leor ama acu le haghaidh aonaid foghlama ar chúrsaí drámaíochta i ndiaidh na Nollag.

Ár Roinn Ábhair: Eolaíocht

Is iad Máire, Déaglán agus Stuart na múinteoirí Eolaíochta. Sa tSraith Shóisearach, tá grúpaí ag Máire, Déaglán agus Stuart go léir in Eolaíocht an 2^ú agus an 3^ú bliain i mbliana. Tar éis plé a dhéanamh ag cruinniú na Roinne Eolaíochta d'iarr siad go ndéanfaí MRB an 2^ú bliain acu a sceidealú i bhFeabhra / Márta. Tá traidisiún sa scoil seo go nglacann siad páirt i gClár Scifest agus tá rún acu ligean do scoláirí taispeántas a dhéanamh de roinnt dá dtaighde ó MRB 1 sa Scifest réigiúnach i ndiaidh lá a dtaispeántais scoile féin go mall i mí Mhárta. D'amharc an roinn Eolaíochta ar sceidealú MRB 2 de chéadair agus shocraigh siad gur mhaith leo an MRB 2 sa tríú bliain titim amach i mí na Samhna / na Nollag. Léiríonn an cinneadh sin an mhian atá ag na múinteoirí uile a mbíonn idir an dara agus an tríú bliain acu a bheith ábalta díriú ar MRB 1, sin nó MRB 2 astu féin ina gcuid pleanála don teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú. Tá ceist ann freisin i measc múinteoirí maidir le rochtain ar shaotharlanna, trealamh agus acmhainní TF má bhíonn an dá MRB á reáchtáil ag an am amháin.

Ár Roinn Ábhair: Staidéar Gnó

Is iad Caoimhe agus Seán an dá mhúinteoir Staidéar Gnó. Sa tSraith Shóisearach, múineann Caoimhe an tríú bliain agus an chéad bhliain agus múineann Seán an dara bliain. Oibríonn siad go dlúth le chéile agus iad ag pleanáil don tSraith Shóisearach. Ag machnamh dóibh ar a dtaithí roimhe seo ar MRB 1, mothaíonn siad gur am maith é mí Feabhra do scoláirí an MRB a dhéanamh agus ba mhaith leo an MRB a choinneáil thart ar an am sin. I dtaca le MRB 2, ba mhaith leo an MRB a dhéanamh roimh na Nollag mar go mothaíonn siad go mbeadh léargas maith ag na scoláirí ar réimse de thopaicí a bhaineann le Staidéar Gnó agus go dtabharfadh sé sin réimse topaicí dóibh le roghnú uathu. Mhóthaigh scoláirí na bliana seo caite gur chabhraigh sé go mór leo go raibh an MRB déanta acu nuair a bhí siad ag anailísiú beartais eacnamaíocha agus ag cur tuairimí eolacha i láthair.

Ár Roinn Ábhair: Amharc-Ealaín

Is í Máire an t-aon mhúinteoir Ealaíne sa scoil agus mar sin de is ise a mhúineann na bliainghrúpaí go léir. D'aontaigh sí dul i gcomhar leis na múinteoirí Ealaíne i dhá scoil in aice láimhe i gcomhair na gcruinnithe AFMÁ don MRB 1 agus don MRB 2. Tá na huaineacha le haghaidh MRB 1 agus MRB 2 leathan go maith mar sin de tá sí solúbtha go leor maidir le ham do na cruinnithe AFMÁ. Os a choinne sin, ó tharla go bhfuil trí scoil bainteach leis an bpróiseas, is gá di dul i gcomhairle lena comhghleacaithe le teacht ar dháta oiriúnach agus ansin a dheimhniú go bhfuil an dáta sin sásúil leis an lucht bainistíochta i ngach ceann de na trí scoil. Le solúbthacht a thabhairt do gach scoil aontaítear ar an gcruinniú AFMÁ a réachtáil chomh mall agus is féidir laistigh de na huaineacha mar sin de is in Aibreán is fearr leo an MRB 1 a dhéanamh. Aontaíodh gur mhaith leo MRB an tríú bliain a chríochnú roimh na Nollag chun go mbeadh go leor ama ann do chomhpháirt an CSS sa dá théarma dheireanacha den tríú bliain.

Ár Roinn Ábhair: NTI

Is iad Aoife, Pól agus Sorcha na múinteoirí NTI. Sa tSraith Shóisearach, múineann Aoife Fraincis don 2^ú bliain agus Gearmáinis don 3^ú bliain, múineann Pól Fraincis don 2^ú bliain agus Gaeilge don 1^ú agus don 3^ú bliain, agus i dtaca le Sorcha, múineann sise Gearmáinis don 3^ú bliain agus Béarla don 1^ú agus don 2^ú bliain. Déanann an roinn NTI sealaíocht ar thrialacha ó bhéal an CSS a scrúdú go seachtrach. Ba mhaith leis an roinn NTI an MRB s'acu sa 2^ú bliain a bheith chomh mall agus is féidir de bharr sealbhú teanga na scoláirí. Tá siad solúbtha i dtaca leis an uain do MRB 2 sa tríú bliain mar go mbeidh na scoláirí tar éis a bpunanna teanga scoláirí a thiomsú ón ngnáthobair ranga agus ní bheidh le déanamh acu ach na píosaí is fearr leo a roghnú agus a bheachtú sula seoltar ar aghaidh iad le haghaidh a measúnaithe i gcuideachta nóta athmhachnaimh. Creideann siad go mbeidh an t-aiseolas a gheobhaidh scoláirí ar MRB 2 an-luachmhar maidir lena ndul chun cinn mar fhoghlaimoírí teanga sa tríú bliain.

Ár Roinn Ábhair Gaeilge T1

Is iad Breda, Siobhán agus Selma an triúr múinteoirí Gaeilge sa roinn. Tá scoláirí tríú bliain ag gach múinteoir mar go gcuireann an scoil iad ar chlár ama le bandaí sa chaoi is gur féidir grúpálacha le cumais éagsúla a dhéanamh. Luaitear sna treoirlínte measúnaithe gur fearr MRB 1 a bheith ann ag deireadh an chéad téarma mar sin ba mhaith leo é a bheith acu i mí na Samhna, ach tá siad solúbtha faoi sin mar go raibh na scoláirí tar éis a bpunanna teanga scoláirí a thiomsú ón ngnáthobair le dhá bhliain anuas agus nach mbeidh le déanamh acu ach na píosaí is fearr leo a roghnú agus a bheachtú sula seolfar ar aghaidh iad le haghaidh a measúnaithe i gcuideachta nóta athmhachnaimh. Tá MRB 2, arb é an tasc cumarsáideach é, le déanamh i lár théarma 2 mar sin ba mhaith leo é a bheith acu i mí Feabhra más féidir.

Ár Roinn Ábhair: Stair

Múineann Tom agus Siobhán an Stair do scoláirí ón gcéad go dtí an tríú bliain. Is múinteoir Béarla í Siobhán chomh maith ach ní bhíonn ach lucht na chéad bhliana á theagasc aici sa bhliain acadúil reatha. Beidh MRB acu sa Stair sa 2^ú bliain don chéad uair i mbliana agus tar éis dóibh a bheith ag caint le comhghleacaithe ag na cnuaslaethanta ba mhaith leo an MRB a reáchtáil i dtreo dheireadh an 2^ú bliain. Tugtar An tAm atá Thart i M'Áit ar an MRB agus bíonn deis ag scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar stair logánta, áit chónaithe nó teaghlaigh.

Ár Roinn Ábhair: Tíreolaíocht

Múineann Méadbh agus Seán an Tíreolaíocht do scoláirí ón gcéad go dtí an tríú bliain. Múineann Méadbh Béarla don dara agus don tríú bliain chomh maith. Is múinteoir CO é Seán ach ní bhíonn sé ag múineadh scoláirí an dara ná an tríú bliain faoi láthair. Tugtar Tíreolaíocht sa Nuacht ar MRB an 2^ú bliain agus san MRB seo iniúchann scoláirí teagmhas tíreolaíochta trí réimse leathan foinsí sna meáin. Ba mhaith le Méadbh agus Seán an MRB a bheith ann leath bealaigh tríd an dara bliain más féidir.

Ár Roinn Ábhair: Ceol

Is é Simon an t-aon mhúinteoir ceoil sa scoil, agus déanann sé measúnú freisin ar na trialacha praiticiúla de chuid an CSS gach bliain um Cháisc. Ba mhaith leis dá mbeadh MRB an 2^ú bliain sceidealaithe don thréimhse tar éis thrialacha praiticiúla an CSS ach ta sé measartha solúbtha mar gur Punann Cumadóireachta atá in MRB an 2^ú bliain a chuirtear le chéile thar thréimhse agus óna roghnaíonn siad dhá mhír oibre le haghaidh measúnaithe laistigh d'ócáid an MRB. Tá naisc déanta ag Simon le dhá scoil eile d'fhonn cruinniú AFMÁ a reáchtáil agus beidh air tiomáint go dtí baile mór atá buailte leis chuige

Ár Roinn Ábhair: Mata

Tá ceathrar múinteoirí ag plé le múineadh na Matamaitice sa tSraith Shóisearach. Múineann Ian, Pam agus Donnchadh an chéad, an dara agus an tríú bliain mar go bhfuil trí rang-ghrúpa ann agus bíonn Líosa ag comhtheagasc lena comhghleacaithe trasna na dtrí bliana. Bíonn baint ag Pam freisin le ceoldráma na scoile a léiriú gach bliain tar éis na Cásca. Beidh MRB ag scoláirí mata an 2^ú bliain don chéad uair sa bhliain atá romhainn agus déanfaidh siad iniúchadh mata thar thréimhse trí bliana. Ba mhaith leis na múinteoirí an MRB a bheith acu chomh mall agus is féidir sa bhliain mar go bhfuil a fhios acu gurb é seo an chéad uair acu an MRB a dhéanamh.

Ár Roinn Ábhair: Eacnamaíocht Bhaile

Is í Sandra an t-aon mhúinteoir Eacnamaíocht Bhaile sa scoil agus mar sin de is ise a mhúineann gach bliainghrúpa. D'aontaigh sí dul i bpáirt leis na múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile ina dhá scoil in aice láimhe i gcomhair na gcruinnithe AFMÁ do MRB 1. Ó tharla go bhfuil trí scoil bainte leis an bpróiseas, is gá di dul i gcomhairle lena comhghleacaithe Eacnamaíocht Bhaile le teacht ar dháta oiriúnach agus ansin a dheimhniú go bhfuil an dáta sin sásúil leis an lucht bainistíochta i ngach ceann de na trí scoil. Déanann Sandra measúnú freisin ar an tasc ATF ar feadh seachtaine i mí Feabhra. Ba mhaith léi an MRB a shocrú don tréimhse ina dhiaidh sin.

Ár Roinn Ábhair: OSPS

Tá triúr múinteoirí bainteach le múineadh OSPS na Sraithe Sóisearaí. Múineann Brian, Sorcha agus Nicola an chéad, dara agus tríú bliain mar go bhfuil trí rang-ghrúpa ann. Shocraigh an scoil go ndéanfadh siad an gearrchúrsa in OSPS agus b'fherr leo an MRB a dhéanamh sa dara bliain más féidir. Múineann Sorcha Oideachas Reiligiúnach agus Eacnamaíocht Bhaile freisin. Múineann Nicola Tíreolaíocht agus Matamaitic. Múineann Brian Adhmadóireacht agus Teicneolaíocht.

Ár Roinn Ábhair: CO

Is iad Pam agus Seán na múinteoirí CO don dara agus don tríú bliain. Múineann a gcomhghleacaí Síle CO freisin agus ba mhaith léi freastal ar an AFMÁ. Shocraigh an scoil ar an tsonraíocht don gearrchúrsa sa CO a leanúint agus i ndiaidh dóibh breathnú ar na treoirlínte measúnaithe, b'fherr leo an MRB a dhéanamh sa tríú bliain más féidir.

Ár Roinn Ábhair: OSSP

Tá triúr múinteoirí a bhíonn ag plé le múineadh an OSSP sa tSraith Shóisearach. Teagascann Shane, Siubhán, Máire, Seán agus Eibhlín an OSSP sa scoil ar fad. Is féidir leis na grúpaí a bhíonn siad a theagasc athrú ó bhliain go bliain. Shocraigh an scoil ar an tsonraíocht don gearrchúrsa san OSSP a leanúint agus chinn na múinteoirí gurbh ferr leo an MRB a dhéanamh sa tríú bliain más féidir.

Notáí

Achoimre ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe do Cheannairí Scoile.

Léiríonn an ghreille thíos forbhreathnú ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe a tharlaíonn in ábhair uile na Sraithe Sóisearaí agus sna Gearrchúrsaí Folláine. Tógadh an t-eolas ó na treoirlínte is deireanaí ar mheasúnuithe ábhar. **Chun tuiscint níos doimhne a fháil ar na measúnuithe rangbhunaithe seo, tá sé tábhachtach treoirlínte cuí na measúnuithe ábhar atá ar fáil ag www.curriculumonline.ie. a léamh ina n-iomláine.** Tá nasc chuig na treoirlínte measúnaithe cuí (más ann dóibh) ar fáil de réir gach cinn de na hábhair thíos. Tugann na treoirlínte measúnaithe seo neamhspleáchas do scoileanna na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích ionas go n-oirfidh siad do riachtanais, comhthéacsanna, agus cúinsí na scoláirí. Cabhraíonn an scoil le cur i gcrích na measúnuithe trí chinntiú, le cois gníomhartha eile, go mbíonn an leagan is deireanaí de **Threoirlínte CNCM do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe** ar fáil do mhúinteoirí.

BÉARLA	MRB 1: Cumarsáid ó Bhéal	MRB 2 Bailiúchán Téacsanna an Scoláire
Nasc le Treoirlínte Measúnaithe: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/40f1f58f-5a57-4d0f-b9b7-67af7fe50380/JC_English_Assessment_Guidelines.pdf		
Foghlaim Scoláire	Tugtar deis do scoláirí topaic nó ceist a bhfuil suim acu inti nó atá tábhachtach dóibh a roghnú agus í a iniúchadh thar am. Is í forbairt na mbunscileanna taighde is tábhachtaí anseo. Tugann an Measúnú Rangbhunaithe deiseanna úsáideacha chun breathnú ar réimse stíleanna cur i láthair ó bhéal. Lena chois sin, tugann an tasc deiseanna do scoláirí, nuair a oireann, comhoibriú lena gcuid comhghleacaithe.	Is cuid ríthábhachtach den Bhéarla é an scríbhneoireacht chruthaitheach, ach ní scríbhneoirí ‘as broinn’ iad na scoláirí. Is gá dóibh guth agus féiniúlacht a fhorbairt, mar aon le tuiscint mhaith ar a lucht léitheoireachta, agus tuiscint ar phróiseas na scríbhneoireachta. Is fearr iad sin a fhorbairt thar am, trí aiseolas cabhrach agus scafláil ón múinteoir.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Is féidir le scoláirí na formáidí seo a leanas a úsáid chun an MRB Cumarsáide ó Bhéal a chur i gcrích: <ol style="list-style-type: none"> 1. Taibhiú 2. Cur i láthair 3. Agallamh 4. Freagairt ar spreagthach Is féidir leis an scoláire obair ina aonar nó mar bhall de ghrúpa chun an Chumarsáid ó Bhéal a chur i gcrích.	I bhformhór na gcásanna, eascróidh an obair i mbailiúchán an scoláire as gnáthobair ranga. Le linn an Dara agus Tríú Bliain, pleanálfaidh scoláirí ceithre théacs ar a laghad le déanamh agus le coinneáil. Chun an Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích i mBliain a Trí, is gá do gach scoláire dhá théacs a roghnú ón mbailiúchán s’acu chun iad a chur isteach le haghaidh a measúnaithe.
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Cé go mbíonn cumarsáid ó bhéal i gceist le foghlaim agus le teagasc gach lá le linn na Chéad Bhliana agus na Dara Bliana, caithfear an t-ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe i gCumarsáid ó Bhéal agus an chumarsáid ó scoláirí a bheith déanta thar thréimhse trí seachtaine. (I dTéarma 2 den dara bliain go hiondúil.)	Forbraítear an bailiúchán thar an dara agus tríú bliain. Cuirtear an MRB i gcrích sa tríú bliain. (Tuairim is 18 mí)

EOLAÍOCHT	MRB 1 Iniúchadh Turgnamhach Sínte	MRB 2 Iniúchadh Eolaíochta sa tSochaí (IES)
Nasc le Treoirínite Measúnaithe: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/19b09ccd-6a02-495e-b7a0-cd7276e5dd5b/Assessment-guidelines_Science_Oct_2018.pdf		
Foghlaim Scoláire	Thar thréimhse trí seachtaine, ceapfaidh an scoláire hipitéis eolaíochta, tabharfaidh sé faoi iniúchadh eolaíochta a phleanáil agus a dhéanamh, chun a hipitéis a thástáil, déanfaidh sé sonraí príomhúla a chruthú agus a anailísiú agus déanfaidh sé machnamh ar an bpróiseas le tacaíocht/treoir an mhúinteora.	Thar thréimhse trí seachtaine, déanfaidh an scoláire taighde ar shaincheist shocheolaíoch, déanfaidh sé anailís ar an bhfaisnéis/ar na sonraí tánaisteacha a bhailítear, agus déanfaidh sé measúnú ar a bhfuil á mhaíomh agus ar na tuairimí a ndearna sé staidéar orthu agus bainfidh sé tábairt ar bhonn fianaise as an méid a bhíonn i gceist, le tacaíocht/treoir an mhúinteora.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Seoltar tuairisc agus taifid taighde i bhformáid a roghnaíonn sé féin.	Seoltar tuairisc agus taifid taighde i bhformáid a roghnaíonn sé féin.
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Trí seachtaine	Trí seachtaine

STADÉAR GNÓ	MRB 1: Gnó á Chur i nGníomh	MRB 2: Cur i Láthair ó Bhéal
Nasc le Treoirínite Measúnaithe: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/db49a6b8-0cf8-446f-bc28-b382d37cb53d/AssessmentGL_BS_0119_EN.pdf		
Foghlaim Scoláire	Beidh scoláirí ag feidhmiú mar thomhaltóirí, fiontraithe, bainisteoirí agus cinnteoirí agus iad ag pleanáil agus ag déanamh taighde, ag déanamh anailíse ar shonraí agus ar fhaisnéis, ag réiteach fadhbanna agus ag déanamh cinntí, ag úsáid teicneolaíocht dhigiteach chun eolas a bhainistiú, agus ag dul i mbun gnímh. Foghlaiméoidh siad faoi chinntí eolacha agus déanfaidh siad roinnt a bhaineann lena gcuid acmhainní féin agus le ceisteanna a bhfuil tábhacht shóisialta, chultúrtha agus dhomhanda leo. Is bunscileanna iad seo atá riachtanach don saol, obair agus oideachas tríú leibhéal.	Cabhraíonn an Measúnú Rangbhunaithe seo le scoláirí nithe foghlamtha ón gcúrsa a chur i bhfeidhm ina saol féin, smaointe teoriciúla a leabú isteach le comhthéacsanna praiticiúla agus tosú a fhorbairt scileanna machnaimh. Is é atá i gceist leis go gcuirfidh sé leis an dialóg idir scoláirí agus múinteoirí maidir le suimeanna a bhaineann le gnó i rith na dtrí bliana staidéir. Is tionscadal aonair é an cur i láthair. Cuimsíonn sé trí réimse gníomhaíochtaí: <ul style="list-style-type: none"> • Iniúchadh • Breithiúnais eolacha a dhéanamh • Cumarsáid a dhéanamh
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Is grúpthionscadal é an tionscadal a chuimsíonn ceithre réimse gníomhaíochta: taighde a dhéanamh; measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis; pleananna gníomhaíochta a fhorbairt; agus torthaí a	Déanfaidh gach scoláire cur i láthair ó bhéal ar a bhfuil foghlamtha aige i ndiaidh dó scrúdú a dhéanamh ar thopaic bainteach le gnó. Is cóir an t-eolas a chur ina

	thuirisciú. Ba chóir don scoláire comhoibriú lena chomhscoláirí chun an tionscadal a chur i gcrích ach ba chóir don mhúinteoir a chinntiú go mbíonn ionchur pearsanta ag gach scoláire sa tionscadal, agus go gcruthaíonn gach duine a bhfianaise féin chun Gnéithe Cáilíochta an mheasúnaithe seo a bhaint amach.	chuid focal féin chun an tuiscint phearsanta atá aige ar an eolas agus na smaointe a bhaineann leis an topaic a roghnaigh sé a léiriú. Is féidir le scoláirí réimse d'acmhainní agus d'uirlisí a úsáid chun cabhrú leo, agus comhthéacs sainiúil na scoile agus cumais agus suimeanna scoláirí aonair á nglacadh san áireamh.
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Le cur i gcrích laistigh de thréimhse ceithre seachtaine le linn an dara bliain.	Le cur i gcrích laistigh de thréimhse trí seachtaine le linn na tríú bliana.

GAEILGE	MRB1: An Phunann Teanga	MRB 2: Tasc Cumarsáideach
Nasc le Treoirínte Measúnaithe: https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Gaeilge?lang=ga-ie		
Foghlaim Scoláire	Tríd an bPunann Teanga, forbraíonn scoláirí agus déanann siad machnamh ar a sealbhú teanga thar na cúig scileanna teanga uile. Beidh saothar an scoláire i bhformáidí éagsúla lena n-áirítear ábhar ó bhéal, closamhairc, scríofa agus ilmhódach agus i réimse seánraí agus stíleanna lena n-áirítear píosaí cruthaitheacha (dán, amhráin, drámaí, scéalta atá cumtha acu féin), tionscadail, giotaí machnamhacha, blaganna, saothar taifeadta ó bhéal, logaí foghlama agus freagraí ar théacsanna litríochta	Dírítear an fhoghlaim ar scileanna a fhorbairt sa chumarsáid agus sa chaidreamh ó bhéal lena n-áirítear cruth a chur ar stíl agus ar fhormaid an taisc chumarsáidigh, foclóir agus sainréim teanga a oireann don chineál cumarsáide a úsáid, feacht a léiriú ar an spriocghrúpa éisteachta, agus cruinneas a fhorbairt i gcomhréir agus i bpatrúin teanga. Is féidir go bhforbrófaí freisin lena linn, bunscileanna taighde, bainistiú ama, féinbhainistiú, comhoibriú le daoine eile agus úinéireacht a ghlacadh ar an bhfoghlaim.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Mar fhianaise ar fhorbairt a gcuid scileanna teanga, roghnaíonn na scoláirí trí pháosa oibre ón 2ú agus ón 3ú bliain. Is gá páosa amháin fuaime agus páosa a raibh an litearthacht mar spreagthacht aige a roghnú. Cuirtear nóta machnamh le gach páosa chun féinfheacht na scoláirí mar fhoghlaimoír a léiriú.	Oibríonn na scoláirí ina n-aonar, i mbeirteanna nó i ngrúpaí chun taighde a dhéanamh ar thopaic nó ar cheist a bhfuil suim acu inti. Tá sairse ag na scoláirí formáid a roghnú don chumarsáid ó bhéal: cur i láthair, agallamh, ról-imirt, comhrá mar fhreagairt ar spreagthach, páosa cruthaitheach dá gcuid féin a thaibhiú nó a chur i láthair (m.sh. dán, amhrán, páosa drámaíochta nó scéal) chun a gcumais labhartha agus caidrimh a léiriú. Maireann an cur i láthair idir 3 agus 4 nóiméad, lena n-áirítear am le haghaidh ceisteanna neamhullmhaithe ón múinteoir (agus freagairt d'ionchur ó chomhghleacaithe, T1)

Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Cé go dtógtar an phunann teanga mar chuid de ghnáthobair ranga le linn an dara agus an tríú bliain agus go léiríonn sí turas teanga an scoláire, cuirtear an MRB i gcrích thar thréimhse trí seachtaine roimh dheireadh Téarma 1 sa 3ú Bliain.	Cé go bhforbraíonn scileanna cumarsáide an scoláire thar thrí bliana, déanann an scoláire taighde agus cuireann MRB 2 i láthair thar thréimhse trí seachtaine faoi lár Théarma 2 den 3ú Bliain.
--	--	---

AMHARC-EALAÍN	MRB 1: Ó Phróiseas go Cur i gCrích	MRB 2 Cuir In Iúl agus Déan Machnamh
Nasc le Treoirínite Measúnaithe: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/96b1498e-8eac-4391-80b0-2744098568fe/Assessment_Guidelines_Visual_Art.pdf		
Foghlaim Scoláire	<p>Is féidir le scoláirí a bheith ag obair ina n-aonar nó i ngrúpa de bheirt nó triúr.</p> <p>Agus an Bloc Sceitseála Amharc-ealaíne in úsáid ag scoláirí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Déanann siad taighde agus iniúchadh ar théamaí a eiseoidh an CNCM • Úsáideann siad bunfhoinsí a oireann don téama atá roghnaithe acu • Forbraíonn agus beachtaíonn siad a gcuid smaointe agus scileanna trí phróiseas ealaíne • Cruthaíonn déantúsán i gceann amháin go príomha de na Snáitheanna Amharc-ealaíne (Ealaín, Ceardaíocht nó Dearadh). 	<p>Beidh na scoláirí ag obair ina n-aonar.</p> <p>Beidh coimre dhearaidh, a eiseoidh CSS, le déanamh sa tríú bliain den Amharc-Ealaín. Tabharfaidh an choimre dhearaidh sonraí maidir le trí théama a bheidh mar choimre dhearaidh do MRB 2 (Céim 1) agus an Measúnú Deiridh (Céim 2). Agus an Bloc Sceitseála Amharc-ealaíne in úsáid ag scoláirí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Déanann siad taighde, trialacha agus forbairt ar smaointe agus ar theicnicí ó réimse foinsí príomha ar an téama / na téamaí sa choimre • Forbraíonn agus beachtaíonn siad a gcuid smaointe agus scileanna trí dhá shnáithe go príomha nach ndéantar in MRB 1 • Cuireann siad a gcuid taighde i láthair agus déanann siad machnamh ar aiseolas ón múinteoir agus ó pháraí • Tabharfaidh siad moltaí faoi mar a fhorbróidh siad a gcuid smaointe a thuilleadh agus dhá dhéantúsán a bheith acu do chéim 2.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	<p>Is féidir le scoláirí a bheith ag obair ina n-aonar nó i ngrúpaí de thriúr.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Breacfaidh scoláirí síos a gcuid oibre taighde agus forbartha, breacnótaí agus machnaimh sa Bhloc Sceitseála Amharc-ealaíne • Cuirfidh siad dlaoi mhullaigh ar pháosa críochnaithe agus cuirfidh siad é i láthair (saothar déthoiseach, saothar tríthoiseach, insileadh, dealbh suíomhoiriúnaithe, beochan, scannán srl...) 	<p>Curtha i gcrích ag scoláirí ar bhonn aonair.</p> <p>Breacfaidh scoláirí síos taifead ar a gcuid taighde, trialacha, saothar forbartha, breacnótaí agus machnamh sa Bhloc Sceitseála Amharc-ealaíne</p> <ul style="list-style-type: none"> • Coimeádfaidh an scoláire an t-ábhar óna bhloc sceitseála Amharc-ealaíne chun a bharúlacha tosaigh, smaointe agus trialacha a roinnt, a chur i láthair nó a phlé agus conas a d'fhéadfadh an

		<p>méid sin a obair don mheasúnú deireanach a mhúnlú</p> <ul style="list-style-type: none"> Bunaithe ar an aiseolas, déanann scoláirí machnamh ar a gcuid oibre agus an treo a rachaidh siad léi don scrúdú deireanach stát-teistithe
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	<p>Eisítear na téamaí ar an gcéad dáta ar ais sa scoil i mí Eanáir. (an uain do 2019 idir 7 Eanáir agus 20 Bealtaine). Tá saoirse ag an múinteoir fad, dáta tosaigh, dáta deiridh a shocrú a oireann dá scoláirí agus dá gcomhthéacs laistigh den uain sin.</p>	<p>Sa tríú bliain, oibríonn scoláirí ó choimre dhearaidh. Is é CSS a eisiónn an choimre dhearaidh agus cuirtear i gcrích é in dhá chéim le linn na bliana, ag tosú i Meán Fómhair.</p> <ul style="list-style-type: none"> Is é MRB 2 an chéad chéim acu. Maireann an tréimhse seo ó go luath i Meán Fómhair go lár na Nollag. Tá saoirse ag an múinteoir an dáta tosaigh, an fad agus an dáta deiridh a shocrú de réir mar a oireann dá chuid scoláirí agus do chomhthéacs na scoile laistigh den tréimhse sin. Baineann céim 2 le saothar eile a sheoltar isteach chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit

NUATHEANGACHA IASACHTA	MRB 1: Cumarsáid ó Bhéal	MRB 2: Punann Teanga an Scoláire
<p>Nasc le Treoirínte Measúnaithe: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/e21d9e9d-cede-4b50-8377-9268f8cb7166/MFL_Assessment_Guidelines.pdf</p>		
Foghlaim Scoláire	<p>Is é cuspóir an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo go dtaispeánfaidh an scoláire scileanna giniúint cainte agus caidreamh ó bhéal. Mar sin féin, féadfar scileanna eile a fhorbairt, m. sh. léitheoireacht, scríbhneoireacht, éisteacht, taighde bunúsach. Díreoidh an scoláire ar ghné de thír(thíortha) nó de chultúr na sprioctheanga; nó ar ionsamhlú d'eispéireas i dtír sprioctheanga; nó ar thopaic nó spreagthach inspéise.</p> <p>Is féidir le scoláirí a bheith ag obair ina n-aonar nó mar chuid de ghrúpa.</p>	<p>Foghlaimíonn scoláirí cuid mhór ó phróiseas an tsealbhaithe teanga nuair a thugtar treoir dóibh faoin gcaoi le punann a úsáid chun a gcuid foghlama a bhreacadh síos agus chun machnamh a dhéanamh uirthi. Caithfidh siad éirí muiníneach sa chaidreamh agus éirí eolach ar an bpróiseas sealbhaithe teanga.</p>

Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	<p>Is féidir le scoláirí ceann ar bith de na formáidí seo a leanas a úsáid chun an Chumarsáid ó Bhéal a chur i gcrích:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Agallamh • Rólimirt • Cur i láthair • Comhrá mar fhreagairt ar spreagthach <p>Cuireann an múinteoir roinnt ceisteanna, is cuma cén fhormáid a úsáidtear, chun tuiscint agus cumas an scoláire a thomhas chun freagraí a thabhairt ar cheisteanna simplí, neamhullmhaithe, a oireann d'aois agus do chéim foghlama na teanga.</p>	<p>Áireofar i bpunann teanga an scoláire raon leathan míreanna, amhail téacsanna scríofa, tionscadail, ábhair fuaimne/físe, logaí foghlama, machnamh an scoláire agus spriocanna foghlama. Aithnítear gur féidir, sa chomhthéacs seo, téacsanna cruthaithe an scoláire a chur i láthair i bhformáidí difriúla – scríofa de lámh, digiteach, ilmhódach agus mar sin de.</p> <p>Chun an próiseas Measúnaithe Rangbhunaithe a chur i gcrích, cuireann an scoláire a phunann le chéile de réir a chéile agus roghnaíonn trí théacs is fearr leis, agus is i bhformáid ó bhéal a bheidh ceann acu.</p>
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	<p>Trí seachtaine. Téarma 2, dara bliain.</p>	<p>Cé go dtosaíonn an scoláire ag cur punann dá chuid foghlaim teanga le chéile ón gcéad bhliain ar aghaidh, ní féidir ach téacsanna (ó bhéal, scríofa, digiteach) a chruthaítear sa dara agus sa tríú bliain dá shraith shóisearach a chur isteach chun críocha measúnaithe agus tuairiscithe sa PGSS.</p>

STAIR	MRB 1: An t-Am atá Thart i m'Áit	MRB 2: Saol i dTréimhse Ama
Nasc le Treoirínite Measúnaithe: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/adcacb84-1886-4ea2-9b0a-36063e84cedc/JC_History-Assessment_Guidelines.pdf		
Foghlaim Scoláire	<p>Beidh deis ag na scoláirí scileanna taighde an staraí a fhorbairt. I ngrúpaí, i mbeirteanna nó ina n-aonar, déanfaidh siad foinsí fianaise a shainaithint agus a scrúdú ar ghné nó téama stairiúil a bhaineann le ceantar, áit chónaithe nó stair phearsanta / mhuintir an scoláire.</p>	<p>Beidh deis ag na scoláirí scileanna taighde an staraí a fhorbairt a thuilleadh. Ina n-aonar, tabharfaidh siad faoi fhiosrúchán struchtúrtha fianaise-bhunaithe ar shaol stairiúil agus ar thaithí duine a bhfuil suim acu ann.</p>
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	<p>Léireoidh na scoláirí a gcuid foghlama trí thaispeántas den chineál a fheictear in iarsmalann nó i leabharlann a chruthú óna gcuid torthaí. Cuimseoidh an taispeántas a gcuid machnaimh ar an taithí a fuair siad agus an taighde stairiúil á dhéanamh acu.</p>	<p>Léireoidh na scoláirí a gcuid foghlama trí thaifead scríofa ar a gcuid torthaí ar phearsa a roghnaigh siad chun fiosrúchán a dhéanamh air. Beidh nóta machnaimh ag dul leis an taifead scríofa ag cur síos ar an taithí a fuair siad leis an taighde stairiúil.</p>
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	<p>Tréimhse 3 seachtaine 3^ú téarma den 2^ú bliain</p>	<p>Tréimhse 3 seachtaine 2^ú téarma den 3^ú bliain</p>

TÍREOLAÍOCHT	MRB 1: Tíreolaíocht sa Nuacht	MRB 2: Mo Thíreolaíocht
Nasc le Treoirínite Measúnaithe: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/99635529-c82b-4224-9a2f-6b878b8debf9/Junior-Cycle-Geography_AG.pdf		
Foghlaim Scoláire	Tabharfaidh an scoláire faoi fhiosrúchán struchtúrtha ar theagmhas tíreolaíochta a tharla le gairid agus a bhí suntasach ar leibhéal áitiúil, náisiúnta nó domhanda, mar ar tuairiscíodh air sna meáin agus déanfaidh sé anailísiú ar shuntasacht an teagmhais sin ó thaobh trí cinn de na gnéithe seo: próisis, patrúin, córais agus scála, scileanna tíreolaíochta agus inbhuanaitheacht.	Tugann na scoláirí faoi fhiosrúchán struchtúrtha ar ghné tíreolaíochta / ar ghnéithe tíreolaíochta ina gceantar áitiúil. Fiosraíonn agus anailísiúnn scoláirí cé acu agus conas a bhíonn gnéithe (próisis, patrúin, córais agus scála, scileanna tíreolaíochta agus inbhuanaitheacht) le feiceáil sa ghné tíreolaíochta / sna gnéithe tíreolaíochta. Mar chuid den bhailiú sonraí, spreagtar na scoláirí, tabhairt faoi iniúchtaí tíreolaíochta, lena n-áirítear obair allamuigh.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Léireoidh na scoláirí a gcuid foghlama trí breac-chuntas a ullmhú ina n-aonar nó laistigh de ghrúpaí, ag díriú ar an bhfiosrúchán struchtúrtha atá bunaithe ar fhoinsé ó na meáin le déanaí a bhaineann leis an teagmhas tíreolaíochta. Féadfaidh na scoláirí a bhfreagairt a mhúnlú le réimse leaganacha amach difriúla, a chinnfear i gcomhar leis an múinteoir.	Léireoidh na scoláirí a gcuid foghlama trí breac-chuntas a ullmhú ina n-aonar nó laistigh de ghrúpaí, ag díriú ar an bhfiosrúchán struchtúrtha atá bunaithe ar ghné tíreolaíochta / ar ghnéithe tíreolaíochta ina gceantar áitiúil. Féadfaidh na scoláirí a bhfreagairt a mhúnlú le réimse leaganacha amach difriúla, a chinnfear i gcomhar leis an múinteoir.
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Tréimhse trí seachtaine sa Dara Bliain	Tréimhse trí seachtaine sa Tríú Bliain

MATAMAITIC	MRB 1: Imscrúdú Matamaiticiúil	MRB 2: Imscrúdú Staitistiúil
Nasc le Treoirínite Measúnaithe: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/f5af815d-5916-4dc9-bfda-4f3d73bc4787/Assessment_Guidelines_Mathematics.pdf		
Foghlaim Scoláire	Tugann scoláirí faoin timthriall réiteach fadhbanna: fadhb a shainmhíniú, straitéis a aimsiú agus an fhadhb a aistriú chuig an matamaitic (más gá), aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb agus í a réiteach más féidir, agus an toradh a léirmhíniú i gcomhthéacs na faidhbe bunaidh. Beidh an deis ag scoláirí a gcuid scileanna a fhorbairt, mar aon lena gcumais agus a gcuid eolais, i dtéarmaí matamaitice, cumarsáide, taighde agus comhoibrithe.	Téann na scoláirí i ngleic leis an timthriall um fhiosrú staitistiúil: an t-imscrúdú a cheapadh, na hathrúga inspéise a shainnithint agus modhanna tomhais a roghnú atá iontaofa agus bailí chun sonraí a bhailiú ar gach athróg, na sonraí a bhailiú, a eagrú agus a bhainistiú, na sonraí a anailísiú agus a léirmhíniú i gcomhthéacs na ceiste bunaidh. Beidh an deis ag scoláirí a gcuid scileanna a fhorbairt, mar aon lena gcumais agus a gcuid eolais, i

		dtéarmaí matamaitice, cumarsáide, taighde agus comhoibrithe.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Tugann an tImscrúdú Matamaiticiúil deis do scoláirí taighde a dhéanamh ar cheist atá acu faoi fheiniméan inspéise éigin ón domhan mórthimpeall orthu nó faoi fheiniméan ar tháinig siad air agus iad i mbun a staidéir mhatamaiticiúil. Tabharfaidh na scoláirí tuairisc ar a gcuid taighde agus seolfaidh siad taifid thaighde isteach. Tá rogha acu maidir leis an bhformáid agus tá féidearthachtaí ann chun a bheith ag comhoibriú.	Tugann an tImscrúdú Staitistiúil deis do scoláirí taighde a dhéanamh ar cheist atá acu faoi fheiniméan inspéise éigin ón domhan mórthimpeall orthu nó faoi fheiniméan ar tháinig siad air agus iad i mbun a staidéir mhatamaiticiúil. Tabharfaidh na scoláirí tuairisc ar a gcuid taighde agus seolfaidh siad taifid thaighde isteach. Tá rogha acu maidir leis an bhformáid agus tá féidearthachtaí ann chun a bheith ag comhoibriú.
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Tréimhse trí seachtaine sa Dara Bliain	Tréimhse trí seachtaine sa Tríú Bliain

EACNAMAÍOCHT BHAILE	MRB 1: Teicstílí Cruthaitheacha	MRB 2: Treoir le haghaidh Scileanna Litearthachta Bia
Nasc le Treoirínthe Measúnaithe: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/23c8f863-8812-4141-8224-886f69ab291a/HomeEC_AssessmentGL_0219_EN.pdf		
Foghlaim Scoláire	Beidh deis ag na scoláirí a scileanna praiticiúla teicstíle agus ceardaíochta a thaispeáint ar bhealach cruthaitheach. Tabharfaidh siad go gníomhach faoi phróiseas na coimre dearaidh agus forbróidh siad a gcuid eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna ar a lán de na torthaí foghlama ar fud Shnáitheanna 2 agus 3.	Úsáidfidh scoláirí próiseas na coimre dearaidh chun a gcuid scileanna cócaireachta agus cruthaitheacha litearthacht bhia agus eolas ar chothúcháin a léiriú trí thaighde, anailís agus pleanáil a dhéanamh ar choimre litearthachta bia i gcomhair an ghnáthshaoil.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Déanfaidh scoláirí: mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach nó déanfaidh siad Athchúrsáil nó uaschúrsáil ar mhír teicstíle do dhuine aonair nó don teach. Cuirfidh siad isteach breac-chuntas gearr ar an gcaoi ar bhain siad úsáid as próiseas na coimre dearaidh agus machnamh scoláire.	Is é CCS a eiseoidh na coimrí dearaidh. Leanfaidh na scoláirí próiseas na coimre dearaidh chun taighde a dhéanamh, ginfidh siad smaointe agus scrúdóidh siad gnéithe uile na coimre dearaidh. Cuirfidh scoláirí breac-chuntas gearr ar fáil ina bhfuil achoimre ar aiseolas a fuair siad óna múinteoir agus óna gcomhscoláirí agus machnamh.
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	An Dara bliain. 8-10 seachtaine, ag bráth ar rochtain ar acmhainní cuí agus sonracha. Le cur i gcrích roimh dheireadh Aibreáin 2020.	Bliain a trí. Ní luaitear an fad sna Treoirínthe Measúnaithe, le cur i gcrích faoin 22 Eanáir 2021. Nasctha le scrúdú CSS ar scileanna praiticiúla bia. NÍL TASC MEASÚNAITHE AR BITH

CEOL	MRB 1: Punann Chumadóireachta	MRB 2: Nóta Cláir
Nasc le Treoirínite Measúnaithe: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/4973d0a3-759a-440e-acc4-faece5073663/AssessmentGuidelines_Music		
Foghlaim Scoláire	Deis chun éachtaí na scoláirí mar chruthaitheoirí píosaí ceoil a cheiliúradh, trí bhailiúchán dá gcuid smaointe ceoil a chur i dtoll a chéile. Tríd an bpróiseas seo, forbróidh scoláirí a nguth agus a bhféiniúlacht ceoil. Agus ceol á chumadh agus á chruthú acu dá rogha lucht éisteachta, foghlaimeoidh na scoláirí conas smaoineamh a thabhairt ó cheapadh go cur i gcrích.	Ullmhóidh an scoláire nóta cláir chun solas a chaitheamh ar ábhar a dtrí phíosa ceoil dá dtaibhiú praiticiúil ar bhealach suimiúil agus ábhartha. Cé go bhfuil an léargas seo tábhachtach don lucht éisteachta, saibhríonn sé an taibhiú a dhéanfaidh an scoláire chomh maith.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Tá an fhoghlaim dírithe ar nádúr agus ar phróiseas forbartha chruthú agus chumadóireacht cheoil. Níl teorainn leis na cineálacha, stíleanna, seánraí nó roghanna a dhéanann na scoláirí. Cuirfear dhá phíosa ón bpunann i láthair i bhfoirm scríofa, dhigiteach, físe nó fuaime, nó in aon fhormaid eile chun críche measúnaithe.	Nuair a chuirtear roinnt eolas cúlra faoi shaol na gcumadóirí nó na gcumadóirí amhrán ar fáil is féidir léargas tábhachtach faoina rúin, agus tuiscint ar chomhthéacs níos leithne an cheoil a léireofar a chur ar fáil. Trí chomharthaí fuaime a chur ar fáil don éisteoir agus roinnt scéalta suimiúla a thabhairt faoin gcumadóir/bpíosa, saibhrítear eispéreas an éisteora agus cuirtear lena chuid eolais. Ceadaítear formáid ar bith chun críche an mheasúnaithe.
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Tosaíonn an fhoghlaim ón gCéad Bhliain. De réir na dTreoirínite Measúnaithe: is i dtreo dheireadh an Dara Bliain a bheidh MRB 1.	Is ón gCéad Bhliain a thosaíonn an fhoghlaim. De réir na dTreoirínite Measúnaithe: caithfear an Nóta Cláir a chríochnú coicís roimh an scrúdú praiticiúil, a bhíonn ar siúl i dtreo dheireadh an dara téarma sa tríú bliain, nó ag tús an tríú téarma sa tríú bliain. Níor chóir go dtógfadh sé níos mó ná trí seachtaine é a chríochnú.

INNEALTÓIREACHT	MRB 1: Innealtóireacht á Cur i nGníomh	MRB 2:
Nasc le Treoirínite Measúnaithe: Beidh ar fáil ar curriculumonline.ie		
Foghlaim Scoláire	Fiosraíonn scoláirí feidhmeanna phrionsabail agus phróisis na hInnealtóireachta ón bhfíorshaol. Is féidir leis an scoláire a iniúchadh a dhíriú trí mheán snáithe ar leith, meascán de dhá shnáithe nó féadfaidh sé cur chuige comhtháite a ghlacadh ar fud na dtrí shnáithe. Cuirfidh an scoláire a chuid torthaí in iúl trí mheáin chuí ar bith.	Spreagfar an scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo taighde a dhéanamh bunaithe ar théama a léireoidh gné den tionscadal deiridh. Is é cuspóir an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo taighde, fiosrú agus cur i láthair a dhéanamh ar a thorthaí trí na meáin chuí. Beidh

		Measúnú Rangbhunaithe 2 mar bhonn eolais do mheasúnú an tionscadail.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Leagfar amach tuilleadh faisnéise sna Treoirlínte Measúnuithe.	Leagfar amach tuilleadh faisnéise sna Treoirlínte Measúnaithe.
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Déanfar an Measúnú Rangbhunaithe laistigh de thréimhse trí seachtaine sa dara téarma den dara bliain.	Déanfar an Measúnú Rangbhunaithe laistigh de thréimhse trí seachtaine sa chéad téarma den tríú bliain.

Teicneolaíocht Adhmaid	MRB 1: Eolaíocht Adhmaid inár dTimpeallacht	MRB 2: Féinanailís agus Féinmheasúnú an Scoláire
Nasc le Treoirlínte Measúnaithe: Beidh ar fáil ar curriculumonline.ie		
Foghlaim Scoláire	Fiosróidh an scoláire saincheist a bhaineann le heolaíocht adhmaid laistigh de chomhthéacs áitiúil / domhanda. Déanfaidh sé anailís ar an bhfaisnéis / sonraí a bhailítear, déanfaidh sé an anailís sin a mheas agus cuirfidh sé torthaí a chuid taighde ar an tsaincheist iniúchta i láthair, le tacaíocht / treoir ón múinteoir. Tá sé tábhachtach go gcothaítear meon fiosrach sa scoláire, ach go ligtear dó trialacha a dhéanamh, agus go spreagtar iad chun deiseanna nua agus dúshlánacha a fhiosrú agus chun machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas.	Maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe seo, déanfaidh an scoláire, leis féin, anailís ar an obair chúrsa a rinne sé agus ar na scileanna atá aige go dtí seo sa Teicneolaíocht Adhmaid. Díreoidh an scoláire an anailís agus an measúnú ar réimse tascanna a rinneadh nó ar thasc ar leith. Beifear ag súil go ndéanfaidh an scoláire athbhreithniú criticiúil ar an dul chun cinn a rinne sé agus go sainaithneodh sé réimsí ina bhfuil sé láidir agus réimsí arbh fhéidir leis feabhas a chur orthu, ag féachaint le bonn eolais a chur faoin bpleanáil agus faoi na cinntí don tionscadal.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Leagfar amach tuilleadh faisnéise sna Treoirlínte Measúnuithe.	Leagfar amach tuilleadh faisnéise sna Treoirlínte Measúnuithe.
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Déanfar an MRB laistigh de thréimhse trí seachtaine sa chéad téarma den dara bliain.	Déanfar an Measúnú Rangbhunaithe laistigh de thréimhse trí seachtaine sa chéad téarma den tríú bliain beidh sé mar bhonn eolais d'obair an scoláire ar an tionscadal.

Teicneolaíocht Fheidhmeach	MRB 1: Córais Rialaithe a Fhiosrú á gcur i bhfeidhm i gComhthéacs Áitiúil	MRB 2: Féinanailís agus Féinmheasúnú an Scoláire
Nasc le Treoirlínte Measúnaithe: Beidh ar fáil ar curriculumonline.ie		
Foghlaim Scoláire	Bunaítear an tionscadal seo ar an iniúchadh agus tabharfar deis don scoláire, ina aonar nó i bpáirt, breathnú ar an gcaoi a dtéann córais rialaithe i bhfeidhm ar a thimpeallacht áitiúil, ar nós an tseomra ranga, na scoile, an phobail, srl.	Déanfaidh an scoláire, leis féin, anailís ar an obair chúrsa a rinne sé agus ar na scileanna atá aige go dtí seo sa Teicneolaíocht Fheidhmeach. Díreoidh an scoláire an anailís agus an measúnú ar réimse tascanna a rinneadh nó ar thasc ar leith. Beifear ag súil go ndéanfaidh an scoláire athbhreithniú criticiúil ar an dul chun cinn a rinne sé agus go sainaithneodh sé réimsí ina bhfuil sé láidir agus réimsí arbh fhéidir leis feabhas a chur orthu,

		ag féachaint le bonn eolais a chur faoin bpleanáil agus faoi na cinntí a dhéanfaidh sé don tionscadal.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Leagfar amach tuilleadh faisnéise sna Treoirínte Measúnuithe.	Leagfar amach tuilleadh faisnéise sna Treoirínte Measúnuithe.
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Déanfar an Measúnú Rangbhunaithe laistigh de thréimhse trí seachtaine sa dara téarma den dara bliain.	Déanfar an Measúnú Rangbhunaithe laistigh de thréimhse trí seachtaine sa chéad téarma den tríú bliain. Cuirfidh an Measúnú Rangbhunaithe seo bonn eolais faoi obair an scoláire ar an tionscadal.

Grafaicí	MRB 1: Cumarsáid Trí Sceitseáil	MRB 2: Scileanna Léiriú Grafach
Nasc le Treoirínte Measúnaithe: Beidh ar fáil ar curriculumonline.ie		
Foghlaim Scoláire	Tabharfaidh an MRB seo an deis do scoláirí a gcuid scileanna a fhorbairt chun a bheith cumasach i gcumarsáid trí sceitseáil. Iarrfar ar scoláirí a gcuid smaointe a chur i láthair agus teicnící sceitseála déthoiseacha agus tríthoiseacha in úsáid acu mar fhreagairt ar théama spreagthach roghnaithe.	Díreoidh an Measúnú Rangbhunaithe ar a éifeachtaí a chuireann na scoláirí an taighde s'acu i láthair go grafach. Tríd an MRB, déanann na scoláirí taighde agus fiosraíonn siad an réimse ina bhfuil an tionscadal bunaithe agus cuireann siad a gcuid torthaí i láthair go grafach trí aon mheán grafach cuí.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Leagfar amach tuilleadh faisnéise sna Treoirínte Measúnuithe.	Leagfar amach tuilleadh faisnéise sna Treoirínte Measúnuithe.
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Déanfar an Measúnú Rangbhunaithe laistigh de thréimhse trí seachtaine	Déanfar an Measúnú Rangbhunaithe laistigh de thréimhse trí seachtaine

Oideachas Reiligiúin	MRB 1: Duine Tiomanta	MRB 2: An Duine Daonna sa Tóir ar Bhrí
Nasc le Treoirínte Measúnaithe: Beidh ar fáil ar curriculumonline.ie		
Foghlaim Scoláire	Thar thréimhse áirithe ama, déanfaidh an scoláire taighde ar dhuine ar imir a chreidimh reiligiúnacha nó a dhearcadh ar an domhan tionchar dearfach ar an saol ina thimpeall, san am atá thart nó sa lá atá inniu ann	Thar thréimhse áirithe ama, déanfaidh an scoláire fianaise ealaíonta nó ailtireachta nó seandálaíochta a fhiosrú a thaispeánann bealaí ina ndeachaigh daoine i ngleic le creideamh reiligiúnach /sa tóir ar bhrí agus ar chuspóir na beatha.

Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Is tuairisc aonair nó ghrúpa í ar féidir í a chur i láthair i dtreo dheireadh an dara bliain i réimse leathan leaganacha amach – Leagfar amach tuilleadh faisnéise sna Treoirínte Measúnaithe. (Tá súil leo i mí Bealtaine 2019)	Is tuairisc aonair nó ghrúpa í ar féidir í a chur i láthair i dtreo dheireadh an dara bliain i réimse leathan leaganacha amach. – Leagfar amach tuilleadh faisnéise sna Treoirínte Measúnaithe. (Ta súil leo i mí Bealtaine 2019)
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Déanfar an Measúnú Rangbhunaithe laistigh de thréimhse trí seachtaine	Déanfar an Measúnú Rangbhunaithe laistigh de thréimhse trí seachtaine
Clasaicí	MRB 1: Scéalaíocht trí mhiotaseolaíocht	MRB 2: Más cúrsa gan teanga atá i gceist: An Róimh, Ceartlár na hImpireachta. Más cúrsa teanga atá i gceist: Punann Teanga an Scoláire
Nasc le Treoirínte Measúnaithe: Beidh ar fáil ar curriculumonline.ie		
Foghlaim Scoláire	Forbraíonn scoláirí a gcumas scéalaíochta féin trí theicnící na scéalaíochta a chur i bhfeidhm agus an miotas s'acu féin a chumadh, treoracha scéalaíochta a ullmhú, miotas atá ann cheana féin a mhionathrú nó miotas a léiriú os comhair lucht féachana. Trí mhiotas a chumadh, nó a mhionathrú chuig comhthéacs nua, foghlaimeoidh scoláirí conas smaoineamh a thabhairt ó cheapadh go réadú.	Cúrsa gan teanga: Cuirfidh scoláirí breac-chuntas i dtoll a chéile ar chuairt a shamhlaíonn siad a bheith acu chuig foirgneamh poiblí i gcathair na Róimhe. Is cóir do scoláirí foirgneamh a roghnú atá bainteach le gníomhaíocht fóillíochta, nó le ceannaire polaitiúil nó impire reatha Teanga: Cuirfidh gach scoláire punann teanga le chéile. Díríonn an phunann teanga ar phróiseas foghlama na teanga clasaicí.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Is féidir le scoláirí a miotas a chur i láthair ar bhealaí, trí chuir chuige éagsúla nó ar aon dóigh a léiríonn cad é atá siad ag iarraidh a insint; an teachtaireacht nó an ceacht atáthar ag iarraidh a chur in iúl. (Tá súil le na Treoirínte Measúnaithe i mí na Bealtaine 2019)	Is féidir é seo a chur i láthair i bhformaid ar bith. Ba chóir samhail nó léiriú amhairc ar an bhfoirgneamh a bheith leis an taifead. Roghnaíonn scoláirí trí phársa ón bpunann chun críche measúnaithe. Baineann pársa amháin le sealbhú teanga, ceann eile le téacs údarásach, agus an tríú ceann le sibhialtacht chlasaiceach.
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Laistigh de thréimhse trí seachtaine	Tá trí seachtaine i gceist leis an gcúrsa gan teanga. Thar thréimhse trí bliana na Sraithe Sóisearaí don chúrsa teanga.

Corpoideachas	MRB 1: Rogha ó shé mheasúnú fhéideartha do ghníomhaíochtaí coirp (m.sh. Clár Gníomhaíocht Choirp Pearsanta, Imeacht Treodóireachta Foirne, Measúnú Feidhmíochta sa Lúthchleasaíocht)
----------------------	---

Nasc le Treoirínte Measúnaithe: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/bce8ddab-9592-4af4-b8bb-9a4de6bf92a0/PE_AssessmentGuidelines_Feb2017.pdfwater

Foghlaim Scoláire	Tá measúnú ag dul le gach snáithe den ghearrchúrsa. Caithfidh scoláirí ar a laghad dhá mheasúnú a dhéanamh, is fearr measúnú amháin i ngach bliain den ghearrchúrsa. Dearadh na measúnuithe chun scoláirí a spreagadh chun barr feabhais a bhaint amach sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Samplaí Clár Gníomhaíocht Choirp Pearsanta: Déantar measúnú ar chumas na scoláirí clár ghníomhaíocht choirp pearsanta a phleanáil, a chur i gcrích agus a mheas chun freastal ar spriocanna pearsanta feabhais thar thréimhse fócasaithe ama. Measúnú Feidhmíochta sa Damhsa / sa Ghleacaíocht: Déantar measúnú ar na scoláirí ag an taibhiú deireanach grúpa sa damhsa nó sa ghleacaíocht.
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Tá sé seo éagsúil do gach ceann de na sé cinn, ach i ngach cás bíonn an measúnú ina chuid lárnach den teagasc agus den fhoghlaim a tharlaíonn sa cheacht CO go laethúil

OSPS	MRB 1: Dearfar an Measúnú Rangbhunaithe i gcomhar leis na scoláirí bunaithe ar na torthaí foghlama i níos mó ná snáithe amháin den chúrsa.
Nasc le Treoirínte Measúnaithe: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/4a1aeaca-013c-4dd1-9185-fbca7c726801/SPHE_AssessmentGuidelines_Feb2017.pdf	
Foghlaim Scoláire	Cuirfidh na scoláirí Measúnú Rangbhunaithe amháin i gcrích. Tá mar aidhm ar leith ag an Measúnú Rangbhunaithe aiseolas forbartha a thabhairt do scoláirí le linn dóibh a bheith ag tabhairt faoin tasc agus ag deireadh an phróisis.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Is féidir an Measúnú Rangbhunaithe a bheith i bhformáid scríofa, digiteach, amhairc nó fuaime agus is féidir cabhrú leis sna formáidí sin trí agallamh nó cur i láthair a úsáid.
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Cuirfear i gcrích é thar thréimhse sé huairte d'am ranga sa 2ú agus 3ú bliain.

OSSP	MRB 1: Taifead ar Gníomh Saoránachta
Nasc le Treoirínte Measúnaithe: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/85185792-37f3-4249-be55-a0525aa850f8/CSPE_AssessmentGuidelines_Feb2017.pdf	
Foghlaim Scoláire	Cuirfidh an scoláire ar a laghad trí ghníomh saoránachta i gcrích mar chuid dá fhoghlaim sna trí shnáithe de ghearrchúrsa an OSSP. Cruthóidh an scoláire Taifead ar Gníomh do cheann amháin díobh sin ina Mheasúnú Rangbhunaithe. Déanfaidh na scoláirí taighde ar cheist / ar thopaic roghnaithe, pleanálfaidh siad an gníomh a dhéanfaidh siad, cuirfidh siad an gníomh i gcrích agus ansin déanfaidh siad machnamh ar a gcuid foghlama mar chuid den ghníomh.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Tá roghanna ag an scoláire maidir leis an gcaoi a gcuireann sé a Thaifead ar Gníomh Saoránachta i láthair. Is féidir é a dhéanamh i bhformáid scríofa, dhigiteach, físe agus / nó fuaime agus féadfar tacú leis sna formáidí seo trí agallamh nó cur i láthair a úsáid.

Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	6-8 n-uair d'am i mbun ranga. Beidh sé seo ag brath ar an gcaoi a socraítear amchlár d'OSSP sa 2ú nó 3ú bliain
--	--

CFL2 Imscrúdú Láithreacha Coire	MRB 1
Nasc le Treoirínte Measúnaithe: Beidh ar fáil ar curriculumonline.ie	
Foghlaim Scoláire	Ceapadh an gearrchúrsa seo chun scileanna próiseáil eolaíochta na scoláirí ag an mbunleibhéal a fhorbairt: scrúdú, tabhairt chun cuimhne, athinsint, ainmniú, lipéadú, seicheamhú, rangú agus ríomh, le cois scileanna atá riachtanach chun gnásanna a leanúint agus fadhbanna a réiteach.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Mar ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe, taispeántar láthair choire bhréige don scoláire nach bhfaca sé roimhe (ar bhealach fisiciúil / ó bhéal / trí theanga chomharthaíochta / ar bhealach fisiciúil / i bhfoirm scríofa). Breathnaíonn an scoláire go géar / fiosraíonn sé / éistean / léann sé faoin gcoir agus sainaitheann sé píosa amháin nó níos mó d'fhianaise fisiciúil a d'fhéadfaí a thástáil chun cabhrú leis an gcoir a réiteach.
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Ullmhaíonn an scoláire don Mheasúnú Rangbhunaithe thar thréimhse áirithe sa dara nó sa tríú bliain. Is cóir tús a chur leis an Measúnú Rangbhunaithe i ndiaidh don scoláire an obair sa cheathrú snáithe a chur i gcrích. (Thart ar 15-20 uair d'am ranga).

CFL2: Aire a Thabhairt d'Ainmhithe	MRB 1
Nasc le Treoirínte Measúnaithe: Beidh ar fáil ar curriculumonline.ie	
Foghlaim Scoláire	Tá sé mar aidhm ag an gearrchúrsa seo eolas chomh maith le scileanna cognaíochta, sóisialta agus praiticiúla na scoláirí a fhorbairt agus iad ag foghlaim faoi ainmhí is suim leo agus a bheith ag tabhairt aire dó.
Conas a léirigh na Scoláirí a gcuid Foghlama?	Is Cur i Láthair atá i gceist sa Mheasúnú Rangbhunaithe don gearrchúrsa seo. D'fhéadfaí aon fhormáid a áireamh sa Mheasúnú Rangbhunaithe – comhrá, agallamh, rólghlacadh, labhairt, teanga chomharthaíochta nó formáid leictreonach a chuireann ar chumas an scoláire an fhoghlaim a chur i láthair. Féadfaidh an scoláire oibriú le scoláire eile nó i ngrúpa ach ba chóir gur léir go raibh ionchur fiúntach ag gach scoláire san obair ullmhúcháin agus sa chur i láthair féin.
Fad an Mheasúnaithe Rangbhunaithe	Ullmhaíonn an scoláire don Mheasúnú Rangbhunaithe thar thréimhse áirithe sa dara nó sa tríú bliain. Ba chóir tús a chur leis an Measúnú Rangbhunaithe i ndiaidh an obair sna ceithre shnáithe a chur i gcrích. Ba chóir go léireodh fad an chuir i láthair i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe an acmhainn atá sa scoláire. Mar threoir, níor chóir dó dul thar thrí nóiméad.

Ag déanamh Cintí Stráitéiseacha

Ag machnamh ar an bhfoghlaim i rith an lae, cén gníomh a thógfadh tú agus tú ag filleadh ar an scoil. Roinn ag do bhord ag míniú cén fáth go bhfuil tús áite tugtha agat don ghníomh seo.

Notáí

Notáí

Sonraí Teagmhála;

Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais Mhuineacháin,
Bóthar Árd Mhacha,
Muineachán.

www.metc.ie

Má bhíonn tuilleadh ceisteanna agat, téigh i
dteagmháil le; info@jct.ie

Lean sinn ar Twitter:

[@JCforTeachers](https://twitter.com/JCforTeachers)



Oifig an Stiúirthóra:

LMETB,
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan
Co. Lú

Foinsí Eile:

www.jct.ie

<http://schoolself-evaluation.ie/post-primary/>

<https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/wellbeing-policy-statement-and-framework-for-practice-2018%E2%80%932023.pdf>

www.curriculumonline.ie

www.ncca.ie

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers